BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Dara Dlísheomra)

an 12 Bealtaine 2022*

Clár

Comhthéacs dlí 3

Dlí na hEagraíochta Domhanda Trádála 3

Dlí an Aontais Eorpaigh 4

Cúlra na díospóide 7

Na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas faoi achomharc 8

Ráiteas faoi na saghsanna ordaithe atá á lorg ag na páirtithe os comhair na Cúirte Breithiúnais 10

An príomhachomharc 11

An chéad fhoras achomhairc 11

Argóintí na bpáirtithe 11

Cinneadh na Cúirte 12

An dara foras achomhairc 15

Argóintí na bpáirtithe 15

Cinneadh na Cúirte 17

An tríú foras achomhairc 19

Argóintí na bpáirtithe 19

Cinneadh na Cúirte 20

An crosachomharc 23

An chéad fhoras 23

* Teanga an cháis: an Béarla.

Argóintí na bpáirtithe 23

Cinneadh na Cúirte 24

An dara foras 26

Argóintí na bpáirtithe 26

Cinneadh na Cúirte 27

Costais 27

(Achomharc – Dumpáil – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/763 – Allmhairí de pháipéar teirmeach éadrom ar leith de thionscnamh Phoblacht na Cóiré – Dleacht frithdhumpála chinntitheach – Rialachán (AE) 2016/1036 – Airteagail 6, 16 agus 18 – Fianaise – Faisnéis a tugadh lasmuigh de fhreagra ar cheistneoir frithdhumpála – Ualú díolacháin a théann i bhfeidhm ar an ríomh dumpála – Airteagal 2(1) agus (3) – Ríomh an ghnáthluacha – Ordlathas na modhanna ríomha – Airteagal 3(2) agus (3) – Díobháil – Ríomh an chorrlach sladghearrtha– Crosachomharc – Airteagal 2(11) – Fíor-mhéid na dumpála – Airteagal 18 – Díolúine ó fhreagra a thabhairt ar cheistneoir frithdhumpála – Easnamh neamh-chomhoibrithe)

I gCás C-260/20 P,

Achomharc de bhun Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a tionscnaíodh an 11 Meitheamh 2020,

An Coimisiún Eorpach, dá ndéanann J.-F. Brakeland agus A. Demeneix, agus ina dhiaidh sin J.-F. Brakeland agus G. Luengo, ionadaíocht i gcáil Gníomhairí,

achomharcóir,

na páirtithe eile sna himeachtaí:

Hansol Paper Co. Ltd, bunaithe i Súl (An Chóiré Theas), dá ndéanann J.-F. Bellis, B. Servais agus V. Crochet, avocats,

iarratasóir ag an gcéadchéim,

European Thermal Paper Association (ETPA), bunaithe i Zürich (an Eilvéis), dá ndéanann H. Hobbelen, B. Vleeshouwers agus K. Huyghebaert, advocaten, agus J. Rivas, abogado,

idiragraí ag an gcéadchéim,

tugann AN CHÚIRT (an Dara Dlísheomra),

comhdhéanta de A. Prechal (Rapóirtéir), Uachtarán an Dlísheomra, J. Passer, F. Biltgen, N. Wahl agus M.L. Arastey Sahún, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: P. Pikamäe,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 13 Eanáir 2022,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Trína hachomharc, iarrann an Coimisiún Eorpach ar an gCúirt Bhreithiúnais breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 2 Aibreán 2020 a chur ar neamhní, *Hansol Paper* v *an Coimisiún* (T-383/17, nár foilsíodh, EU:T:2020:139; 'an breithiúnas faoi achomharc'), trínar neamhnigh an chúirt sin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/763 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2017, lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a fhorchuirtear ar allmhairí de pháipéar teirmeach éadrom ar leith de thionscnamh Poblacht na Cóiré (IO 2017 L 114, lch. 3; 'an rialachán atá i gceist') a mhéid a bhain an rialachán sin leis na hearraí arna monarú ag Hansol Paper Co. Ltd ('Hansol').

2 Trína chrosachomharc, iarrann European Thermal Paper Association (ETPA) ar an gCúirt an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní.

Comhthéacs dlí

Dlí na hEagraíochta Domhanda Trádála

3 Le Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 i ndáil le hábhair laistigh dá inniúlacht, maidir le comhaontuithe ar thángthas orthu faoi Bhabhta Uragua den chaibidlíocht iltaobhacha trádála (1986-1994) a thabhairt chun críche thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh (IO 1994 L 336, lch. 1), d'fhormheas Comhairle an Aontais Eorpaigh an Comhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (ETD), arna shíniú i Marrakech an 15 Aibreán 1994, chomh maithe leis na comhaontuithe atá leagtha amach in Iarscríbhinní 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an gcomhaontú sin, lena náirítear an Comhaontú ar Chur Chun Feidhm Airteagal VI den Chomhaontú Ginearálta ar Tharaifí agus ar Thrádáil 1994 (IO 1994 L 336, lch. 103) ('an Comhaontú Frithdhumpála').

4 Foráiltear le hAirteagal 2 den chomhaontú frithdhumpála, dar teideal 'Dumpáil a Chinneadh':

'2.1 Chun críche an Chomhaontaithe seo, féadfar táirge a mheas mar tháirge dumpáilte, i.e. a thugtar isteach i dtráchtáil tíre eile ar phraghas atá níos lú ná an gnáthluach, más rud é go bhfuil praghas onnmhairithe an táirge arna onnmhairiú ó thír amháin go tír eile níos lú ná praghas inchomparáide, i ngnáthchúrsa trádála, ar tháirge comhchosúil i gcás go bhfuil sé ceaptha chun tomhaltais sa tír onnmhairiúcháin.

2.2 I gcás nach bhfuil aon díolacháin den táirge comhchosúil i ngnáthchúrsa trádála i margadh intíre na tíre onnmhairiúcháin nó nuair, nó i gcás nach féidir comparáid cheart a dhéanamh bunaithe ar dhíolacháin den sórt sin mar gheall ar chúrsaí sa mhargadh ar leith sin nó mar gheall ar an líon beag díolachán i margadh intíre na tíre onnmhairiúcháin, cinnfear corrlach na dumpála

trí chomparáid a dhéanamh le praghas inchomparáide an táirge chomhchosúil nuair a onnmhairítear é go tríú tír iomchuí, ar choinníoll go bhfuil an praghas sin ionadaíoch, nó i gcomparáid leis an gcostas táirgthe sa tír thionscnaimh móide méid réasúnta le haghaidh costais ghinearálta, díolacháin agus riaracháin agus le haghaidh brabús.

…’

Dlí an Aontais Eorpaigh

5 Foráiltear le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO 2016 L 176, lch. 21; ‘an bunrialachán’):

‘1. Féadfar dleacht frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar aon táirge dumpáilte a bhfuil díobháil mar thoradh ar é a scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas.

2. Féadfar táirge a mheas mar tháirge dumpáilte más rud é go bhfuil a phraghas onnmhairiúcháin go dtí an tAontas níos lú ná praghas inchomparáide ar tháirge comhchosúil, i ngnáthchúrsa trádála, mar a shuitear don tír is onnmhaireoir.

…’

6 Foráiltear le hAirteagal 2 den Rialachán sin, dar teideal ‘Dumpáil a chinneadh’:

‘1. Beidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir.

Mar sin féin, i gcás nach dtáirgeann an t-onnmhaireoir sa tír is onnmhaireoir an táirge comhchosúil nó nach ndíolann sé é, féadfar an gnáthluach a bhunú ar bhonn praghsanna díoltóirí nó táirgeoirí eile.

…

2. De ghnáth úsáidfear díolacháin an táirge chomhchosúil atá beartaithe don tomhaltas intíre chun an gnáthluach a chinneadh más rud é gurb ionann méid na ndíolachán sin agus 5 % nó níos mó de mhéid dhíolachán an táirge i gceist leis an Aontas. Mar sin féin, féadfar méid díolachán níos lú a úsáid, mar shampla, nuair a mheastar go bhfuil na praghsanna a ghearrtar ionadaíoch don mhargadh lena mbaineann

3. I gcás nach bhfuil aon díolacháin den táirge comhchosúil i ngnáthchúrsa trádála nó nach bhfuil dóthain díolachán ann, nó i gcás nach féidir comparáid cheart a dhéanamh bunaithe ar dhíolacháin den sórt sin i ngeall ar chúrsaí sa mhargadh ar leith sin, déanfar gnáthluach an táirge chomhchosúil a ríomh bunaithe ar phraghas an táirgthe sa tír thionscnaimh móide méid réasúnach do chostais díola, ghinearálta agus riaracháin agus do na brabúis, nó bunaithe ar na praghsanna onnmhairiúcháin, i ngnáthchúrsa trádála, chuig tríú tír oiriúnach, ar choinníoll go mbeidh na praghsanna sin ionadaíoch.

…

9. I gcásanna nach bhfuil praghas onnmhairiúcháin ann nó más cosúil go bhfuil an praghas onnmhairiúcháin neamhiontaofa i ngeall ar chomhlachas nó socrú cúitimh idir an t-onnmhaireoir agus an t-allmhaireoir nó tríú páirtí, féadfar an praghas onnmhairiúcháin a ríomh bunaithe ar an bpraghas ar a n-athdhíolfar na táirgí allmhairithe den chéad uair le ceannaí neamhspleách, nó, mura ndéanfar na táirgí a athdhíol le ceannaí neamhspleách nó nach ndéanfar iad a athdhíol sa riocht céanna ina n-allmhairíodh iad, ar aon bhonn réasúnach.

…

11. Faoi réir na bhforálacha ábhartha a rialaíonn comparáid chothrom, suífear cibé acu atá corrlaigh dhumpála ann nó nach bhfuil le linn na tréimhse imscrúdaithe bunaithe ar chomparáid idir gnáth-mheánluach ualaithe agus meán ualaithe na bpraghsanna do na hidirbhearta onnmhairiúcháin go léir isteach san Aontas, é sin nó ar chomparáid idir gnáthluachanna aonair agus praghsanna onnmhairiúcháin aonair isteach san Aontas ar bhonn idirbheart le hidirbheart. Féadfar gnáthluach atá bunaithe ar bhonn meán ualaithe a chur i gcomparáid le praghsanna na n-idirbheart onnmhairiúcháin go léir isteach san Aontas, áfach, má tá patrún praghsanna onnmhairiúcháin a bhfuil difríocht shuntasach i gceist i measc ceannaithe, réigiúin nó tréimhsí difriúla ann, agus más rud é nach ndéanfadh na modhanna atá sonraithe sa chéad abairt den mhír seo méid iomlán na dumpála atá á dhéanamh a léiriú. Ní choiscfidh an mhír seo sampláil a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 17.'

7 Sonraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, dar teideal 'Díobháil a chinneadh':

'1. De bhun an Rialacháin seo, ciallaíonn an téarma "díobháil", mura sonraítear a mhalairt, díobháil ábhartha don tionscal de chuid an Aontais, bagairt díobhála ábhartha don tionscal de chuid an Aontais nó moill ábhartha ar bhunú an tionscail sin, agus léireofar é i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo.

2. Beidh cinneadh go bhfuil díobháil ann bunaithe ar fhianaise dheimhneach agus beidh scrúdú oibiachtúil ar na nithe seo a leanas i gceist leis:

(a) méid na n-allmhairí dumpáilte agus tionchar na n-allmhairí dumpáilte ar phraghsanna i margadh an Aontais do tháirgí comhchosúla; agus

(b) tionchar iarmhartach na n-allmhairí sin ar thionscal an Aontais.

3. I dtaca le méid na n-allmhairí dumpáilte, tabharfar aird ar an gceist an bhfuil méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte, mar ghlanfhigiúr nó i gcoibhneas le táirgeadh nó tomhaltas san Aontas. I dtaca le héifeacht na n-allmhairí dumpáilte ar phraghsanna, tabharfar aird ar an gceist ar tharla gur gearradh go suntasach faoi phraghsanna trí na hallmhairí dumpáilte i gcomparáid le praghas táirge chomhchosúil ón tionscal de chuid an Aontais, nó cibé an é toradh na n-allmhairí sin praghsanna a laghdú go suntasach ar shlí éigin eile nó méadú ar phraghsanna go leibhéal suntasach, a tharlódh murach sin, a chosc. Ní gá go mbeifear in ann treoir chinntitheach a fháil as aon fhachtóir amháin nó níos mó ná aon fhachtóir amháin de na fachtóirí sin.'

8 Foráiltear le hAirteagal 6 den Rialachán sin, dar teideal 'An t-imscrúdú':

'1. Tar éis na himeachtaí a thionscnamh, cuirfidh an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhar leis na Ballstáit, tús le himscrúdú ar leibhéal an Aontais. Beidh idir dhumpáil agus díobháil mar chuid d'imscrúdú den sórt sin, agus imscrúdófar go comhuaineach.

Chun críche toradh ionadaíoch a fháil roghnófar tréimhse imscrúdaithe, i gcás dumpála, nach mbeidh níos giorra, de ghnáth, ná sé mhí go díreach roimh thionscnamh an imeachta.

…

2. Tabharfar 30 lá ar a laghad do pháirtithe a fhaigheann ceistneoirí mar chuid d'imscrúdú frithdhumpála freagraí a thabhairt. …

…

8. Seachas sna cúinsí dá bhforáiltear in Airteagal 18, déanfar cruinneas na faisnéise a chuireann páirtithe leasmhara ar fáil, agus ar a bhfuil na torthaí bunaithe, a scrúdú a mhéid agus is féidir.

…'

9 Foráiltear le hAirteagal 16 den bhunrialachán, dar teideal 'Cuairteanna fíorúcháin':

'1. Tabharfaidh an Coimisiún, má mheasann sé gurb iomchuí, cuairt ar allmhaireoirí, onnmhaireoirí, trádálaithe, gníomhairí, táirgeoirí, comhlachais agus eagraíochtaí trádála chun a dtaifid a scrúdú agus chun faisnéis a soláthraíodh ar dhumpáil agus ar dhíobháil a fhíorú. In éagmais freagra chuí agus thráthúil, b'fhéidir nach ndéanfar cuairt fíorúcháin a thabhairt.

…'

10 Foráiltear le hAirteagal 18 den Rialachán sin, dar teideal 'Neamh-chomhoibriú':

'1. I gcásanna ina ndiúltaíonn aon pháirtí leasmhar rochtain a sholáthar ar an bhfaisnéis is gá, nó mura soláthraíonn sé an fhaisnéis sin, laistigh de na teorainneacha ama dá bhforáiltear sa Rialachán seo, nó má chuireann sé isteach go mór ar an imscrúdú, féadfar na torthaí sealadacha nó deiridh, bíodh siad dearfach nó diúltach, a bhunú ar na fíorais atá ar fáil.

I gcás inar léir gur sholáthair páirtí leasmhar faisnéis bhréagach nó mhíthreorach, tabharfar neamhaird ar an bhfaisnéis sin agus úsáidfear na fíorais atá ar fáil.

Ba cheart páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi iarmhairtí an neamh-chomhoibrithe.

…

3. Más rud é nach bhfuil an fhaisnéis a thíolacann páirtí leasmhar oiriúnach ar gach bealach, níor cheart neamhaird a thabhairt uirthi mar sin féin, ar choinníoll nach bhfuil na heasnaimh tromchúiseach a ndóthain le deacracht mhíchuí a chruthú i dteacht ar thoradh a bheadh réasúnta cruinn, go gcuirtear an fhaisnéis chuí isteach in am trátha agus gur féidir í a fhíorú, agus go ndearna an páirtí a dhícheall na coinníollacha a chomhlíonadh.

…'

Cúlra na díospóide

11 Leagtar cúlra na díospóide amach i míreanna 1 go 22 den bhreithiúnas atá faoi achomharc agus féadfar achoimre a dhéanamh air mar seo a leanas.

12 Is cuideachta é Hansol atá bunaithe sa Chóiré Theas a tháirgeann agus a onnmhairíonn páipéar teirmeach éadrom, go háirithe i dtreo an Aontais Eorpaigh.

13 Tar éis gearáin a rinne an ETPA, eagraíocht neamhbhrabúis a dhéanann ionadaíocht ar leasanna táirgeoirí Eorpacha páipéir theirmeach éadrom, an 18 Feabhra 2016 thionscain an Coimisiún imscrúdú frithdhumpála maidir le hallmhairiú páipéir theirmigh éadroim a bhfuil meáchan de 65 gr/m^2 nó níos lú aige, curtha i láthair i rollaí de leithead de 20 cm nó níos mó, meáchan (lena n-áirítear an páipéar) de 50 kg nó níos mó agus trastomhas (lena n-áirítear an páipéar) de 40 cm nó níos mó (‘ollrollaí’), bíodh sin le bunchóta nó gan bunchóta ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh, atá brataithe le substaint teirmíogair (is é sin, meascán de ruaim agus réalóir a imoibríonn agus a fhoirmíonn íomhá nuair a chuirtear teas i bhfeidhm) ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh le bunchóta nó gan bunchóta, de thionscnamh sa Chóiré Theas agus a thagann faoi cheithre chód AC ar leith (‘an táirge lena mbaineann’).

14 Le linn na tréimhse imscrúdaithe ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015, dhíol Hansol an táirge lena mbaineann san Aontas Eorpach le custaiméirí neamhspleácha agus le trádálaí gaolmhar, Hansol Europe BV, chomh maith le ceithre thiontaire gaolmhara, eadhon Schades Ltd, Schades Nordic A/S, Heipa technische Papiere GmbH (‘Heipa’) agus R+S Group GmbH (‘R+S’). Ba é gníomhaíocht na dtiontairí gaolmhara sin go háirithe an táirge lena mbaineann a thiontú ina rollaí beaga, arna ndíol san Aontas Eorpach le custaiméirí neamhspleácha nó le custaiméirí gaolmhara.

15 Chomhoibrigh táirgeoir onnmhairiúcháin eile as ón gCóiré Theas, Hansol Artone Co. Ltd (‘Artone’), a raibh baint aige le Hansol, san imscrúdú frithdhumpála.

16 An 19 Feabhra 2016, tar éis dó an ceistneoir frithdhumpála a bhí beartaithe do tháirgeoirí onnmhairiúcháin an táirge lena mbaineann, d’iarr Hansol go ndéanfaí Schades Nordic, Heipa agus R+S a dhíolmhú ón oibleagáid an ceistneoir sin a chomhlánú, i bhfianaise an fhíorais go ndearnadh na cuideachtaí sin líon teoranta díolachán den táirge lena mbaineann le custaiméirí neamhspleácha san Aontas Eorpach nó nach ndearnadh aon díolachán ar chor ar bith.

17 An 23 Feabhra 2016, ghlac an Coimisiún leis an iarraidh sin, agus an ceart á fhorchoimeád aige chun iarrataí eile a dhéanamh ar fhaisnéis.

18 An 7 Márta 2016, tar éis dó faisnéis áirithe a chuir Hansol ar fáil a scrúdú, chinn an Coimisiún gur cheart do Schades Nordic, Heipa agus R+S freagra a thabhairt ar chodanna áirithe den cheistneoir frithdhumpála.

19 An 21 Márta 2016, tar éis cuairte ar áitreabh Schades, chuir an Coimisiún in iúl do Hansol go raibh iarrataí ar fhaisnéis an 7 Márta 2016 teoranta do Schades as sin amach.

20 An 15 Aibreán 2016, d’admhaigh an Coimisiún go bhfuarthas na freagraí ar na ceistneoirí frithdhumpála a thíolaic Hansol, Artone, Hansol Europe agus Schades. Idir an 15 Meitheamh agus an 26 Lúnasa 2016, rinne an Coimisiún cuairteanna físeáithe ar áitribh na gcuideachtaí sin.

21 An 16 Samhain 2016, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2005 lena bhforchuirtear dleacht shealadach frithdhumpála ar allmhairí páipéir theirmigh éadroim áirithe de thionscnamh Phoblacht na Cóiré (IO 2016 L 310, lch. 1).

22 Idir an 17 Samhain 2016 agus an 23 Márta 2017, thíolaic Hansol a bharúlacha maidir le doiciméid faisnéise ina raibh cinntí sealadacha agus críochnaitheacha an Choimisiúin.

23 An 2 Bealtaine 2017, ghlac an Coimisiún an rialachán atá i gceist, lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí an táirge lena mbaineann mar mhéid seasta de EUR 104.46 in aghaidh an tonna glan.

Na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas faoi achomharc

24 Le hiarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 20 Meitheamh 2017, thionscain Hansol caingean chun an rialachán atá i gceist a chur ar neamhní.

25 Mar thaca lena chaingean, bhraith Hansol ar chúig shaincheist dlí. Níl ach an chéad ghearán sa dara cuid den chéad saincheist dlí, an chéad chuid den dara saincheist dlí, an ceathrú saincheist dlí, agus an dara agus an tríú cuid den chúigiú saincheist dlí ábhartha maidir le measúnú na bhforas achomhairc a cuireadh chun cinn san achomharc agus sa chrosachomharc.

26 Le hordú an 27 Samhain 2017, thug Uachtarán an Seachtú Dlísheomra den Chúirt Ghinearálta cead do ETPA chun idiragairt a dhéanamh mar thaca leis an saghas ordaithe atá á lorg ag an gCoimisiún.

27 Leis an mbreithiúnas faoi achomharc, neamhnigh an Chúirt Ghinearálta an rialachán atá i gceist. Maidir leis an dara cuid den chéad saincheist dlí, lena líomhnaítear sárú ar Airteagal 2(11) den bhunrialachán, chuir Hansol i gcoinne ríomh an chorrlaigh dumpála don táirge lena mbaineann. D'áitigh sé, go bunúsach, go ndearna an Coimisiún earráid shoiléir measúnaithe maidir le hualú na ndíolachán le custaiméirí neamhspleácha san Aontas Eorpach i gcomparáid le díolacháin le tiontairí gaolmhara, arna measúnú ag, faoi seach, idir 15 agus 25% den díolachán iomlán leis an Aontas, agus idir 75 agus 85% den díolachán iomlán leis na tiontairí gaolmhara. Ina thuairim, rinne an Coimisiún faillí i leith na gcainníochtaí a dhíol Schades Nordic le custaiméirí neamhspleácha a chur san áireamh.

28 Ar na cúiseanna atá leagtha amach i míreanna 84 go 87 agus mír 92 den bhreithiúnas faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta gur suíodh an earráid ualaithe líomhnaithe. Toisc nár léiríodh leis na ríomhanna a rinne an Coimisiún méid iomlán na dumpála arna déanamh ag Hansol, chinn an Chúirt Ghinearálta go ndearna an Coimisiún sárú ar Airteagal 2(11) den bhunrialachán.

29 I dtaca leis an gcéad chuid den dara saincheist dlí, d'áitigh Hansol, mar gheall ar an earráid ualaithe sin, gur léiríodh leibhéal dumpála de bhreis ar an méid sin a fuarthas le linn an imscrúdaithe leis an dleacht fhrithdhumpála chinntitheach de EUR 104.46 in aghaidh an tonna glan arna fhorchur ag an gCoimisiún sa rialachán i gceist. I míreanna 100 go 106 den bhreithiúnas faoi achomharc, sheas an Chúirt Ghinearálta leis an gcuid sin, ar an bhforas go ndearnadh an dualgas cinntitheach a chinneadh ar bhonn na hearráide ualaithe a suíodh níos luaithe.

30 Sa cheathrú saincheist dlí, líomhnaítear gur sáraíodh Airteagal 2(1) den bhunrialachán. D'éiligh Hansol gur ríomh an Coimisiún an gnáthluach dá bhforáiltear in Airteagal 2(3) den Rialachán sin go héagórach. I míreanna 152 go 158 den bhreithiúnas faoi achomharc, sheas an Chúirt Ghinearálta leis an tsaincheist dlí sin. Chinn an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, cé nár dhíol Artone dá chineál táirge ar a mhargadh intíre agus gur dheimhnigh an Coimisiún, i gcás ceann amháin den dá chineál táirge sin, go raibh díolacháin intíre Hansol ionadaíoch, gur chinn an Coimisiún, don dhá chineál táirge sin, an gnáthluach a ríomh de bhun Airteagal 2(3) den bhunrialachán. Chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh cinneadh den sórt sin maidir le gnáthluach Artone contrártha le hAirteagal 2(1) den bhunrialachán, lena bhforáiltear, i gcás nach ndíolann an t-onnmhaireoir an táirge comhchosúil, go bhféadfar an gnáthluach a shuíomh ar bhonn praghsanna díoltóirí nó táirgeoirí eile, agus ní fhéadfar é a shuíomh ar bhonn chostais táirgthe na cuideachta ábhartha. Dhiúltaigh sé d'argóintí an Choimisiúin bunaithe ar an bhfíoras go raibh difríochtaí suntasacha idir Hansol agus Artone i dtéarmaí struchtúir chostais nó praghsanna díolacháin, ar an bhforas nach bhfuil siad seo i measc na maoluithe ar an modh chun an gnáthluach a shuíomh ar bhonn praghsanna iarbhír. Dá réir sin, bhain sé de thátal as go raibh Airteagal 2(1) den bhunrialachán sáraithe ag an gCoimisiún agus gnáthluach Artone á chinneadh aige.

31 Leis an dara cuid den chúigiú saincheist dlí, lena líomhnaítear go ndearnadh sárú ar Airteagal 3(1) go (3) agus (5) go (8) den bhunrialachán, ar chásdlí Chúirteanna an Aontais Eorpaigh, ar chinntí EDT, ar chleachtas cinnteoireachta an Choimisiúin roimhe seo, agus ar phrionsabail na comparáide cothroime agus na córa comhionainne, chuir Hansol i gcoinne chinneadh an chorrlach díobhála. Rinne Hansol gearán, *inter alia*, go ndearna an Coimisiún measúnú ar an díobháil trí Airteagal 2(9) den bhunrialachán a chur i bhfeidhm *mutatis mutandis* agus tríd an bpraghas onnmhairiúcháin d'ollrollaí a ríomh go saorga in ionad a bheith ag brath ar na praghsanna deiridh a gearradh i ndáiríre do na rollaí sin le linn díolacháin le custaiméirí neamhspleácha.

32 I míreanna 197 go 205 den bhreithiúnas faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh earráid ann trína ndearnadh difear do ríomh an chorrlach díobhála agus sheas sí leis an dara cuid den chúigiú saincheist dlí. Chinn sí, go bunúsach, go raibh earráid déanta ag an gCoimisiún sa mheasúnú a rinne sé ar an díobháil trí phraghas onnmhairiúcháin athdhíola Schades ar an táirge lena mbaineann le custaiméirí neamhspleácha a ríomh, trí na costais díola, ghinearálta agus riaracháin a asbhaint go háirithe ('costais SG&A') agus corrlach brabúis, chun luach teorann AE costas hipitéiseach, árachas agus last-táille ('CIF') a fháil in ionad na bpraghsanna díolacháin a sonrascadh i ndáiríre éis na n-athdhíolacháin sin a úsáid agus na costais amháin a tabhaíodh as an díolachán a asbhaint. Chinn sé nach raibh baint ag athdhíolacháin Schades den táirge lena mbaineann le custaiméirí neamhspleácha le díolachán na rollaí beaga, ach go raibh baint acu leis an táirge féin. Bhain sé de thátal as sin gurb é an táirge lena mbaineann a bhí in iomaíocht le táirge comhchosúil de thionscal an Aontais agus a bhí ag déanamh díobhála don tionscal sin, agus ba é an toradh a bhí air ná go nach raibh an 'pointe tagartha' a bhí le cur san áireamh chun an díobháil a ríomh ar leibhéal na teorann AE, ach ar leibhéal chustaiméirí neamhspleácha Schades.

33 Ar deireadh, maidir leis an tríú cuid den chúigiú saincheist dlí, lena líomhnaítear sárú ar Airteagal 3(2), (3) agus (6) den bhunrialachán, mheas Hansol go raibh na hearráidí a líomhnaítear sa dara cuid den tsaincheist dlí sin agus sa dara cuid den chéad saincheist dlí mar chúis freisin le saobhadh ar ríomh na gcorrlach sladghearrtha agus gearrdhíola.

34 I míreanna 208 go 213 den bhreithiúnas faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta go ndearnadh difear freisin leis an earráid ualaithe do ríomh an chorrlaigh sladghearrtha, ós rud é gur úsáid an Coimisiún an t-ualú sin don ríomh sin. Toisc nach bhféadfaidh an Chúirt Ghinearálta a eisiamh go bhféadfadh an earráid seo, mar aon leis an earráid a rinneadh agus an corrlach díobhála á ríomh difear a dhéanamh freisin don anailís sladghearrtha praghais agus don mheasúnú ar thionchar allmhairí dumpáilte ar tháirgí comhchosúla de chuid thionscal an Aontais, chinn sí seasamh leis an tríú cuid den chúigiú saincheist dlí.

Ráiteas faoi na saghsanna ordaithe atá á lorg ag na páirtithe os comhair na Cúirte Breithiúnais

35 Trína achomharc, iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an breithiúnas faoi achomharc a chur ar neamhní, an chaingean a dhíbhe ag an gcéad chéim agus a ordú do Hansol na costais a íoc, agus

– mar mhalairt air sin, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta agus na costais a bhaineann leis na himeachtaí ag an gcéad chéim agus na himeachtaí achomhairc a fhorchoimeád.

36 Tá an dearcadh céanna ag ETPA agus atá ag an gCoimisiún.

37 Áitíonn Hansol gur cheart don Chúirt:

– an t-achomharc a dhíbhe; agus

– a ordú don Choimisiún na costais a bhaineann leis na himeachtaí achomhairc a íoc; agus

– a ordú do ETPA na costais a bhaineann leis na himeachtaí achomhairc a íoc.

38 Lena chrosachomharc, iarrann ETPA gur cheart don Chúirt:

– an breithiúnas faoi achomharc a chur ar neamhní, an chaingean a dhiúltú ag an gcéad chéim agus a ordú do Hansol na costais a íoc;

– mar mhalairt air sin, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta agus na costais a bhaineann leis na himeachtaí ag an gcéad chéim agus na himeachtaí achomhairc a fhorchoimeád.

39 Áitíonn Hansol gur cheart don Chúirt:

– an crosachomharc a dhíbhe, agus

– a ordú do ETPA na costais a íoc.

An príomhachomharc

40 Chun tacú lena achomharc, cuireann an Coimisiún, le tacaíocht ó ETPA, trí fhoras achomhairc chun cinn. Sa chéad fhoras achomhairc, líomhnaítear go ndearnadh saobhadh ar an bhfianaise agus go ndearnadh léiriú míchruinn ar an gcreat dlíthiúil is infheidhme maidir leis na sonraí a raibh an Coimisiún i dteideal brath orthu chun an praghas onnmhairiúcháin a ríomh. Líomhnaítear sa dara foras achomhairc go ndearnadh léiriú míchruinn ar Airteagal 2(1) agus (3) den bhunrialachán chun an gnáthluach a chinneadh i gcás nach bhfuil aon díolachán ar an margadh intíre. Líomhnaítear sa tríú foras achomhairc go ndearnadh léiriú míchruinn ar Airteagal 3 den bhunrialachán chun an corrlach sladghearrtha a chinneadh i gcás ina ndéantar onnmhairí chuig an Aontas trí eintitis ghaolmhara.

An chéad saincheist dlí ar achomhairc

Argóintí na bpáirtithe

41 Áitíonn an Coimisiún, i míreanna 84 go 87, 92, agus 100 go 106 den bhreithiúnas faoi achomharc, go ndearna an Chúirt Ghinearálta measúnú mícheart ar an bhfianaise is gá chun an praghas onnmhairiúcháin a ríomh faoi Airteagal 2(9) den bhunrialachán.

42 Áitíonn an Coimisiún go príomha gur shaobh an Chúirt Ghinearálta an fhianaise trí bhreithniú a dhéanamh, i míreanna 85 agus 86 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur lean sé ón bhfianaise a tugadh ar aird le linn an nós imeachta riaracháin go raibh tiontaire gaolmhar amháin eile ar a laghad, eadhon Schades Nordic, tar éis méid áirithe den táirge lena mbaineann a cheannaigh sé ó Hansol a athdhíol. De réir an Choimisiúin, níor fhreagair Schades Nordic ceistneoir frithdhumpála ná ní raibh sé faoi réir cuairt fíorúcháin le linn an nós imeachta riaracháin, agus mar thoradh air sin níorbh fhéidir a chinneadh gur tugadh fianaise maidir le díolachán Schades Nordic ar aird le linn an nós imeachta sin.

43 Mar mhalairt air sin, áitíonn an Coimisiún go ndearna an Chúirt Ghinearálta léiriú míchruinn ar rialacha na fianaise. Ina theannta sin, chuir an Chúirt Ghinearálta a measúnú féin in ionad mheasúnú an Choimisiúin go neamhdhleathach.

44 Sa chéad áit, áitíonn an Coimisiún, trína chinneadh gur cheart dó sonraí Schades Nordic a chur san áireamh, gur cheangail an Chúirt Ghinearálta air sonraí a chur san áireamh nár tháinig ón nós imeachta maidir le bailiú agus fíorú na sonraí arna n-eagrú faoin mbunrialachán. Chun luachanna agus praghsanna a chinneadh go hoibiachtúil agus go beacht, áitíonn sé go gceanglaítear air sonraí a bhailiú, laistigh de thréimhse áirithe, ó na cuideachtaí atá faoi imscrúdú trí bhíthin freagraí ar cheistneoirí frithdhumpála; déantar fírinneacht na sonraí a fhíorú ansin. Leis an mbunrialachán agus le dlí na hEagraíochta Domhanda Trádála cuirtear cosc ar an gCoimisiún sonraí a chur san áireamh nár chuir páirtí leasmhar ar fáil mar fhreagra ar cheistneoir frithdhumpála nó nár fíoraíodh. Tá feidhm ag na breithnithe sin *a fortiori* sa chás seo toisc, ós rud é gur cuireadh sonraí Schades Nordic in iúl don Choimisiún i ndáil le hiarratas ar neamhnochtadh, ní raibh siad ina gcuid den chomhad imscrúdaithe a raibh rochtain ag na páirtithe leasmhara eile air.

45 Sa dara háit, áitíonn an Coimisiún go bhfuil réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta frithráiteach. Chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh díolacháin Schades ionadaíoch ar dhíolacháin leis na tiontairí gaolmhara go léir, agus chinn sí gur cheart don Choimisiún sonraí aonair na dtiontairí

gaolmhara a chur san áireamh. Toisc nach bhfuil aon chinneadh sa bhreithiúnas faoi achomharc trína gcuirtear ó bhail chinneadh an Choimisiúin go raibh sonraí Schades ionadaíoch do dhíolacháin leis na trí thiontaire ghaolmhara eile chun críche an praghas onnmhairiúcháin a ríomh faoi Airteagal 2(9) den bhunrialachán, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trína cheangal ar an gCoimisiún brath ar shonraí nach raibh fíoraithe, toisc nár thug Schades Nordic iad.

46 Áitíonn Hansol nach mór an saincheist dlí ar achomhairc a dhiúltú mar shaincheist atá do-ghlactha go follasach nó, mar mhalairt air sin, mar shaincheist is léir go follasach nach bhfuil aon bhunús leis.

Cinneadh na Cúirte

47 Maidir leis an ngearán trína n-áitíonn an Coimisiún go raibh an Chúirt Ghinearálta ag brath ar léirmhíniú míchruinn ar na rialacha fianaise, ba cheart a mheabhrú, de bhun an bhunrialacháin, gur faoin gCoimisiún, mar an t-údarás imscrúdaithe, atá sé a shuíomh go ndearnadh an táirge atá i gceist a dhumpáil, go ndearnadh díobháil agus go bhfuil nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil. Ní mór na heilimintí sin a shuíomh go hoibiachtúil, tar éis imscrúdú iontaofa. Mar sin féin, ní thugtar le haon fhoráil sa rialachán sin aon chumhacht don Choimisiún iallach a chur ar na páirtithe leasmhara a bheith rannpháirteach san imscrúdú nó faisnéis a sholáthar (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Nollaig 2017, *EBMA* v *Giant (an tSín)*, C-61/16 P, EU:C:2017:968, mír 54).

48 Mar is léir ó léamh comhcheangailte ar Airteagail 6, 16 agus 18 den bhunrialachán, agus atá an Coimisiún ag déanamh imscrúdaithe maidir le cibé an bhfuil dumpáil agus díobháil ann nó nach bhfuil, ní mór dó, mar ábhar tosaíochta, féachaint le faisnéis ábhartha a fháil ar bhonn comhoibriú deonach ar thaobh na bpáirtithe leasmhara. Chuige sin, tá sé le ceistneoirí frithdhumpála a sheoladh chuig na páirtithe sin de bhun Airteagal 6(2) den Rialachán sin. Is foinse thábhachtach faisnéise don Choimisiún iad na freagraí ar na ceistneoirí sin. Faoi Airteagal 6(8) den bhunrialachán, tá sé le fíorú a dhéanamh, a mhéid is féidir, an fhaisnéis a gheofar amhlaidh sula mbunófar a thorthaí air. D'fhonn an oibleagáid sin a chomhlíonadh, tá an rogha ag an gCoimisiún cuairteanna fíorúcháin a dhéanamh de bhun Airteagal 16 den Rialachán sin.

49 Dá réir sin, i gcás ina bhfuil comhar deonach idir na páirtithe leasmhara, is iad ceistneoirí frithdhumpála an modh is fearr atá ag an gCoimisiún chun a imscrúduithe frithdhumpála a sheoladh. Is i gcás nach gcomhoibreoidh páirtí leasmhar san imscrúdú frithdhumpála ach amháin trí dhiúltú rochtain a dheonú ar an bhfaisnéis is gá, trí mhainneachtain an fhaisnéis sin a sholáthar laistigh den tréimhse fhorordaithe, nó trí bhac suntasach a chur ar an imscrúdú sin, de bhun Airteagal 18 den bhunrialachán, go bhféadfaidh an Coimisiún a chinntí a dhéanamh ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil.

50 Mar sin féin, ní léir ó fhoclaíocht fhorálacha an bhunrialacháin, i gcás ina gcomhoibríonn páirtí leasmhar san imscrúdú agus go soláthraíonn sé faisnéis seachas trí fhreagra a thabhairt ar cheistneoir frithdhumpála, go gceanglaítear ar an gCoimisiún neamhaird a dhéanamh den fhaisnéis sin. Bheadh léirmhíniú den sórt sin ar na forálacha sin contrártha freisin le hoibleagáid an Choimisiúin an fhaisnéis uile atá ar fáil dó a scrúdú leis an gcúram cuí (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Márta 2012, *GLS*, C-338/10, EU:C:2012:158, míreanna 32 agus 36) agus cuspóir an bhunrialacháin, is é sin a shuíomh go hoibiachtúil cibé an bhfuil dumpáil agus díobháil ann d'fhonn dleachtanna frithdhumpála oiriúnacha a fhorchur.

51 Dá réir sin, le linn nós imeachta frithdhumpála, ní féidir leis an gCoimisiún faisnéis arna tabhairt ag páirtí leasmhar atá ag comhoibriú sa nós imeachta sin a eisiamh ar an bhforas amháin gur tugadh an fhaisnéis ar bhealach eile seachas trí fhreagra a thabhairt ar cheistneoir frithdhumpála.

52 Sa chás seo, leanann sé ó na cinntí fíorais a rinne an Chúirt Ghinearálta i mír 85 den bhreithiúnas faoi achomharc gur chomhoibrigh Hansol san imscrúdú agus gur thug sé faisnéis don Choimisiún maidir le hathdhíol an táirge lena mbaineann ag Schades Nordic.

53 I bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach i míreanna 50 agus 51 den bhreithiúnas seo, leis an bhfíoras gur thug Hansol an fhaisnéis, maidir le hathdhíol an táirge lena mbaineann ag Schades Nordic, ar bhealach eile seachas trí bhíthin ceistneoir frithdhumpála, ní fhéadfaí an Coimisiún a dhíolmhú as ábharthacht na faisnéise sin a mheasúnú agus a fhíorú.

54 Ar an gcaoi chéanna, toisc go bhfuil páirtithe leasmhara áirithe díolmhaithe ón oibleagáid freagra a thabhairt ar an gceistneoir frithdhumpála, ní dhíolmhaítear an Coimisiún ón bhfaisnéis a fuarthas lasmuigh de chreat na bhfreagraí ar an gceistneoir sin a mheasúnú agus a fhíorú, mar ní chiallaíonn deonú na ndíolúintí sin go bhféadfaí an Coimisiún a scaoileadh óna fhreagracht as a imscrúdú a dhéanamh go cúramach.

55 Murab ionann agus dearbhuithe an Choimisiúin, níl an léiriú sin de shórt go ndéanfaí dochar do neamhchlaontacht an imscrúdaithe, ar an bhforas nár seoladh an fhaisnéis lena mbaineann chuig na páirtithe leasmhara eile go léir d'fhonn a gcuid chearta nós imeachta a ráthú. Ní féidir leis an gCoimisiún údar a thabhairt dá easpa cúraim maidir le faisnéis ábhartha a chur san áireamh trína bheith ag brath ar an mbaol go ndéanfaí sárú ar chearta nós imeachta na bpáirtithe leasmhara eile ar ceanglaíodh air a ráthú le linn an nós imeachta as ar tháinig glacadh an rialacháin atá i gceist.

56 Ar deireadh, maidir leis na gearáin gur shaobh an Chúirt Ghinearálta an fhianaise agus gur chuir sí a measúnú féin in ionad mheasúnú an Choimisiúin go neamhdhleathach trína chinneadh gur fianaise ábhartha í an fhaisnéis maidir le hathdhíolachán Schades Nordic, cé nach bhfuil sé fíoraithe ag an gCoimisiún, ba cheart an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara.

57 Is éard atá i gceist leis an athbhreithniú ar dhlíthiúlacht dá bhforáiltear in Airteagal 263 CFAE ná athbhreithniú ag an gCúirt Ghinearálta, i leith an dlí agus na bhfíoras araon, ar na hargóintí a bhfuil iarratasóir ag brath orthu i gcoinne an ghnímh faoi chonspóid, rud a chiallaíonn go bhfuil an chumhacht aici measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise agus an gníomh sin a neamhniú (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Iúil 2014, *Telefónica agus Telefónica de España* v *an Coimisiún*, C-295/12 P, EU:C:2014:2062, mír 53).

58 I réimse an chomhbheartais tráchtála agus, go háirithe, i réimse na mbeart chun trádáil a chosaint, leanann sé ó chásdlí socair na Cúirte Breithiúnais go bhfuil rogha leathan ag institiúidí an Aontais mar gheall ar chastacht na staideanna eacnamaíocha agus polaitiúla nach mór dóibh a scrúdú, agus dá bharr sin nach mór an t-athbhreithniú breithiúnach ar an lánrogha sin a theorannú d'fhíorúchán a dhéanamh maidir le cibé ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na rialacha nós imeachta ábhartha, cibé ar sonraíodh nó nár sonraíodh go cruinn na fíorais ar a rabhthas ag brath, agus cibé ar tharla nó nár tharla earráid fhollasach le linn breithmheas na bhfíoras sin nó cibé ar baineadh nó nár baineadh mí-úsáid as cumhachtaí. (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Eanáir 2022, *an Coimisiún* v *Hubei Xinyegang Special Tube*, C-891/19 P, EU:C:2022:38, míreanna 35 agus 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

59 Ina theannta sin, leanann sé freisin ó chásdlí socair na Cúirte Breithiúnais nach ionann athbhreithniú na Cúirte Ginearálta ar an bhfianaise ar bhunaigh institiúidí an Aontais a gcuid torthaí uirthi agus measúnú nua ar na fíorais in ionad sin arna ndéanamh ag na hinstitiúidí. Ní sháraítear leis an athbhreithniú sin rogha leathan na n-institiúidí sin i réimse an bheartais tráchtála, ach tá sé teoranta do léiriú cibé an raibh nó nach raibh sé de chumas ag an bhfianaise sin tacú leis na conclúidí ar tháinig na hinstitiúidí orthu. Ní mór don Chúirt Ghinearálta, dá bhrí sin, a shuíomh cibé an bhfuil nó nach bhfuil an fhianaise a tugadh cruinn, iontaofa agus comhsheasmhach ó thaobh fíorais de, agus a aimsiú freisin cibé an raibh nó nach raibh an fhaisnéis ábhartha ar fad san fhianaise ba ghá a chur san áireamh chun staid chasta a mheas agus cibé an raibh nó nach raibh sé de chumas aici bunús a thabhairt leis na conclúidí ar thángthas orthu (breithiúnas an 20 Eanáir 2022, *an Coimisiún* v *Hubei Xinyegang Special Tub*e, C-891/19 P, EU:C:2022:38, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

60 I mír 84 den bhreithiúnas faoi achomharc, thug an Chúirt Ghinearálta faoi deara go raibh tionchar ar an ualú a chuir an Coimisiún i bhfeidhm, atá bunaithe ar chomparáid, a bhaineann le díolachán iomlán an táirge lena mbaineann leis an Aontas Eorpach, idir díolacháin dhíreacha agus indíreacha le custaiméirí neamhspleácha, ar thaobh amháin, agus díolacháin le tiontairí gaolmhara lena tiontú ina rollaí beaga, ar an taobh eile, ar ríomh an chorrlach dumpála a bhaineann leis an dumpáil a rinne Hansol a mhéid agus a bhí leibhéal na dumpála do dhíolacháin dhíreacha agus indíreacha den táirge i gceist i bhfad níos ísle ná an leibhéal sin maidir le díolacháin le tiontairí gaolmhara d'fhonn an táirge lena mbaineann a thiontú ina rollaí beaga. Ina dhiaidh sin, chinn an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, i míreanna 85 agus 86 den bhreithiúnas faoi achomharc, cé go raibh faisnéis ag an gCoimisiún ar fáil dó maidir le toirt an táirge lena mbaineann arna cheannach ag Schades Nordic ó Hansol agus arna athdhíol le custaiméirí neamhspleách, gur chinn sé mar sin féin gur cuireadh na díolacháin sin ó Hansol le Schades Nordic, a bhí cosúil leis na díolacháin le Heipa agus R+S, i gcrích go hiomlán d'fhonn an táirge i gceist a thiontú ina rollaí beaga. Ar deireadh, bhain an Chúirt Ghinearálta de thátal gur theip ar an gCoimisiún sonraí Schades Nordic a chur san áireamh gur thug an institiúid sin, agus an corrlach dumpála á ríomh ar bhonn sonraí Schades, an iomarca meáchain do dhíolacháin le tiontairí gaolmhara le d'fhonn an táirge sin a thiontú ina rollaí beaga, rud a mhéadódh an dumpáil iarbhír arna déanamh ag Hansol. Toisc nár léiríodh leis na ríomhanna a rinne an Coimisiún méid iomlán na dumpála arna déanamh ag Hansol, chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 87 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh sárú déanta ag an gCoimisiún ar Airteagal 2(11) den bhunrialachán.

61 Agus an méid sin á déanamh aici, rinne an Chúirt Ghinearálta an t-athbhreithniú ar dhlíthiúlacht a cheanglaítear uirthi faoi Airteagal 263 CFAE trína fhíorú cibé ar chuir nó nár chuir an Coimisiún na sonraí ábhartha go léir san áireamh maidir le hathdhíol an táirge lena mbaineann ag tiontairí gaolmhara agus cibé ar cuireadh nó nár cuireadh leis na sonraí arna gcur san áireamh amhlaidh ar chumas na hinstitiúide sin a shuíomh, le hiontaofacht leordhóthanach, méid na dumpála arna dhéanamh ag Hansol.

62 Ós rud é nár fhíoraigh an Chúirt Ghinearálta na sonraí maidir le díolacháin den táirge i gceist ag Schades Nordic le custaiméirí neamhspleácha, ní chiallaíonn sé sin gur saobh sí an fhianaise nó gur chuir sí a measúnú féin in ionad mheasúnú an Choimisiúin. Go deimhin, i bhfianaise gur cuireadh na sonraí sin faoi bhráid an Choimisiúin go cuí le linn an nós imeachta imscrúdaithe, mar is léir ó mhír 52 go mír 55 den bhreithiúnas seo, agus go raibh siad *a priori* ábhartha maidir le ríomh na dumpála, ba cheart go mbeadh na sonraí sin curtha san áireamh ag an gCoimisiún agus go mbeadh siad fíoraithe aige. Bhain an t-athbhreithniú a rinne an Chúirt Ghinearálta leis na hiarmhairtí, do chinneadh an Choimisiúin maidir leis an dumpáil arna déanamh, ar

mhainneachtain na hinstitiúide sin na sonraí sin a chur san áireamh agus iad a fhíorú. Ós rud é, i bhfianaise na sonraí sin, gurbh fhéidir, ar a laghad, go raibh ualú rómhór tugtha ag an gCoimisiún do dhíolacháin a rinneadh le tiontairí gaolmhara chun críocha iad a thiontú ina rollaí beaga, rud a mhéadaigh an méid iarbhír dumpála arna déanamh ag Hansol, ba leor é sin chun iontaofacht agus nádúr oibiachtúil mheasúnú an Choimisiúin ar an dumpáil a rinne Hansol a thabhairt faoi cheist.

63 Dá réir sin, bhí an Chúirt Ghinearálta i dteideal a chinneadh, i mír 87 den bhreithiúnas faoi achomharc, nár léiríodh ríomhanna an Choimisiúin méid iomlán na dumpála arna déanamh ag Hansol. Dá bhrí sin, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí, ar an bhforas sin, i míreanna 87 agus 105 den bhreithiúnas faoi achomharc, go ndearna an Coimisiún sárú ar Airteagal 2(11) den bhunrialachán, agus ar an dara fomhír d'Airteagal 9(4) de. Bhí sé i dteideal go hiomlán, mar sin de, seasamh, i mír 92 den bhreithiúnas faoi achomharc, leis an gcéad ghearán sa dara cuid den chéad saincheist dlí ar a rabhthas ag brath ag an gcéad chéim agus, i mír 106 den bhreithiúnas faoi achomharc, leis an gcéad chuid den dara saincheist dlí ag an gcéad chéim.

64 Murab ionann agus dearbhuithe an Choimisiúin, níl bréagnú i gceist le cinntí na Cúirte Ginearálta idir sonraí aonair Schades Nordic a bheith á gcur san áireamh agus nádúr ionadaíoch shonraí Schades. Go deimhin, mar is léir ó mhíreanna 85 agus 86 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Coimisiún sonraí Schades a úsáid chun an corrlach dumpála ar dhíolacháin Hansol leis na trí thiontaire gaolmhar eile a ríomh. Chun críocha an ríomha sin, bhí an Coimisiún den tuairim gurbh é Schades an t-aon tiontaire a bhain leis an ngrúpa Hansol a d'athdhíol an táirge lena mbaineann le custaiméirí neamhspleácha. Léiríodh le sonraí Schades Nordic, mar sin féin, gur athdhíol an chuideachta sin méid áirithe den táirge lena mbaineann le custaiméirí neamhspleácha freisin. Ós rud é go raibh a fhios ag an gCoimisiún go ndearna Schades méideanna áirithe den táirge lena mbaineann a athdhíol le custaiméirí neamhspleácha gan iad a thiontú, chinn an Chúirt Ghinearálta gur cheart go mbeadh an méid sin léirithe ag an institiúid sin i ndíolachán an táirge lena mbaineann leis na tiontairí gaolmhara eile. Tá réasúnaíocht den sórt sin saor ó bhréagnú. Le nádúr ionadaíoch shonraí Schades, ní eisiatar ar bhealach ar bith an ríomh atá bunaithe ar na sonraí sin a bheith curtha ó bhail ag earráidí, ós rud é nár cuireadh na sonraí ábhartha go léir san áireamh ina leith sin.

65 Dá réir sin, ar na cúiseanna go léir thuas, ní mór an chéad fhoras den achomharc a dhiúltú ina iomláine.

An dara foras achomhairc

Argóintí na bpáirtithe

66 Áitíonn an Coimisiún, le tacaíocht ón ETPA, go ndearna an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 152 go 158 den bhreithiúnas faoi achomharc, earráid dlí trí léiriú a chur i bhfeidhm trína ndéantar idirdhealú iomlán idir an staid dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 2(1) den bhunrialachán, nach ndíolfaidh onnmhaireoir an táirge atá faoi imscrúdú ar a mhargadh intíre, agus an staid dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 2(3) den Rialachán sin, nach bhfuil aon díolacháin den táirge sa ghnáthchúrsa trádála nó nach bhfuil dóthain díolachán ann. Chinn an Chúirt Ghinearálta, mar sin, go mícheart gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 2(1) den bhunrialachán agus gnáthluach Artone á ríomh aige.

67 Tá an léiriú sin contrártha d'fhoclaíocht an dara fomhír d'Airteagal 2(1) den bhunrialachán, lena bhforáiltear, i leaganacha éagsúla i dteangacha éagsúla, go 'bhféadfar' an gnáthluach a shuíomh i gcomhréir leis an modh a bhfuil tuairisc air san fhomhír sin. San fhoráil sin ní leagtar síos oibleagáid, ach tugtar rogha. Deimhnítear léiriú den sórt sin, de réir ETPA, le bunús na forála sin.

68 Níl léiriú Airteagal 2 den bhunrialachán arna chur i bhfeidhm ag an gCúirt Ghinearálta i gcomhréir le hAirteagal 2.2 den chomhaontú frithdhumpála, lena bhforáiltear go gciallaíonn easpa díolacháin ar an margadh intíre nach bhféadtar ach dhá mhodh a úsáid chun an gnáthluach a shuíomh: ríomh ar bhonn an chostais táirgthe, arna chur i bhfeidhm ag an gCoimisiún sa chás seo, nó úsáid praghas ionadaíoch onnmhairiúcháin chuig tríú tír iomchuí.

69 Tá léiriú na Cúirte Ginearálta ag teacht salach ar a chéile, i dtuairim an Choimisiúin, le nádúr aonair na dleachta frithdhumpála. Eascraíonn an cineál aonair sin, *inter alia*, ón dara fomhír d'Airteagal 9(5) den bhunrialachán, atá ceaptha chun a spreagadh tosaíocht a thabhairt, agus an gnáthluach á shuíomh, do shonraí an onnmhaireora féin, seachas do shonraí táirgeoirí eile.

70 Áitíonn an Coimisiún leis an léiriú arna chur i bhfeidhm ag an gCúirt Ghinearálta go gcuirtear teorainn le cosaint chearta nós imeachta na cuideachta atá faoi imscrúdú. Chuirfí an gnóthas sin i staid is lú fabhar nuair a úsáideann an t-údarás imscrúdaithe sonraí táirgeora onnmhairiúcháin eile chun an gnáthluach a ríomh. I gcás den sórt sin, ní bheadh rochtain ag an ngnóthas sin ach ar an leagan neamhrúnda de na sonraí arna gcur ar fáil ag a iomaitheoir.

71 Is ionann an léiriú a chuireann an Chúirt Ghinearálta i bhfeidhm, i dtuairim an Choimisiúin, agus scaradh saorga den staid nach ndearnadh aon díolachán ar bith ón staid nach ndearnadh aon díolachán i ngnáthchúrsa trádála ina leith. Mar sin féin, tá forluí páirteach idir na staideanna sin. Leagann ETPA béim ar an bhfíoras nach bhfuil aon idirdhealú dlíthiúil idir staid a bhfuil easpa díolacháin mar shaintréith di agus staid nach bhfuil dóthain díolachán ann sa tír onnmhairiúcháin.

72 Áitíonn an Coimisiún nach bhfuil breithiúnas an 1 Deireadh Fómhair 2014, *an Chomhairle* v *Alumina* (C-393/13 P, EU:C:2014:2245), dá ndearna an Chúirt Ghinearálta tagairt dó i mír 152 den bhreithiúnas faoi achomharc, ábhartha don chás seo, toisc nach mbaineann sé ach le sainmhíniú an choincheapa 'díolacháin i ngnáthchúrsa trádála' chun críocha Airteagal 2(3) den bhunrialachán.

73 Áitíonn ETPA go dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 2(1) den bhunrialachán do staid atá difriúil leis an staid dá dtagraítear sa dara fomhír den fhoráil sin. Dá réir sin, ní fhéadtar léiriú na chéad fhomhíre den fhoráil sin as ar tháinig breithiúnas an 1 Deireadh Fómhair 2014, *an Chomhairle* v *Alumina* (C-393/13 P, EU:C:2014:2245), a chur i bhfeidhm maidir leis an dara fomhír den fhoráil sin. Cuireann ETPA leis, contrártha leis an méid atá ráite ag an gCúirt Ghinearálta i mír 157 den bhreithiúnas faoi achomharc, nach iad na difríochtaí idir Hansol agus Artone maidir le struchtúr costais agus praghsanna díolacháin an chúis nár chinn an Coimisiún gnáthluach Artone ar bhonn praghsanna na cuideachta sin. Faoi Airteagal 2(2) den bhunrialachán, chinn an Coimisiún nach raibh méideanna díolacháin de dhá cheann de tháirgí Artone ionadaíoch agus, dá réir sin, bhain sé úsáid as an modh a fhorordaítear in Airteagal 2(3) den Rialachán sin. Thug an Coimisiún údar lena chinneadh an costas táirgthe a úsáid in ionad praghsanna díoltóirí nó táirgeoirí eile ar bhonn na ndifríochtaí idir Artone agus Hansol i dtéarmaí na struchtúr costais agus na bpraghsanna díolacháin a úsáidtear.

74 Áitíonn Hansol go bhfuil ordlathas idir na modhanna chun an gnáthluach dá dtagraítear in Airteagal 2 den bhunrialachán a chinneadh. Is léir nuair a dhéantar Airteagal 2(1) den bhunrialachán a fhoroinnt ina fomhíreanna nach mór an gnáthluach a bheith bunaithe go príomha ar phraghsanna intíre. Mar sin féin, toisc nach mór tosaíocht a thabhairt, de bhun struchtúr na bhforanna sin, do phraghsanna intíre an táirgeora onnmhairiúcháin seachas do phraghsanna intíre de dhíoltóirí nó de tháirgeoirí eile chun an gnáthluach a chinneadh, ní chiallaíonn sé sin gur cheart tosaíocht a thabhairt do ghnáthluach ríofa thar gnáthluach atá bunaithe ar phraghsanna intíre. Bheadh léiriú den sórt sin contrártha le cinneadh na Cúirte i mbreithiúnas an 1 Deireadh Fómhair 2014, *an Comhairle* v *Alumina* (C-393/13 P, EU:C:2014:2245, mír 20), gurb é an riail an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna agus gurb í ríomh an ghnáthluacha an eisceacht.

75 Áitíonn Hansol freisin go bhfuil réasúnaíocht an Choimisiúin ag teacht salach ar a chleachtas roimhe seo agus nach gcoisctear léiriú ar Airteagal 2(1) agus (3) den bhunrialachán arna chur i bhfeidhm ag an gCúirt Ghinearálta leis an gcomhaontú frithdhumpála, nach bhfuil aon fhoráil ann cosúil leis an dara fomhír d'Airteagal 2(1) den bhunrialachán, ná le cosaint na gceart nós imeachta de na páirtithe leasmhara.

Cinneadh na Cúirte

76 Is éard atá i gcinneadh ghnáthluach táirge ceann de na céimeanna riachtanacha is gá chun a chruthú go bhfuil dumpáil ann (breithiúnais an 22 Márta 2012, *GLS*, C-338/10, EU:C:2012:158, mír 19, agus an 1 Deireadh Fómhair 2014, *an Chomhairle* v *Alumina*, C-393/13 P, EU:C:2014:2245, mír 20).

77 D'fhonn an gnáthluach sin a chinneadh, foráiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 2(1) den bhunrialachán go mbeidh sé bunaithe ar an bpraghas a d'íoc custaiméirí neamhspleácha sa tír onnmhairiúcháin nó atá le híoc acu, i ngnáthchúrsa trádála. Sonraítear sa dara fomhír den fhoráil sin, i gcás nach dtáirgeann nó nach ndíolann an t-onnmhaireoir sa tír onnmhairiúcháin an táirge comhchosúil, féadfar an gnáthluach a shuíomh ar bhonn praghsanna de dhíoltóirí nó de tháirgeoirí eile.

78 Mar sin leagtar síos in Airteagal 2(1) den bhunrialachán an prionsabal ginearálta nach mór don ghnáthluach a bheith bunaithe dár réir, mar riail, ar na praghsanna a d'íoc custaiméirí neamhspleácha sa tír onnmhairiúcháin nó atá le híoc acu, i ngnáthchúrsa trádála (breithiúnas an 22 Márta 2012, *GLS*, C-338/10, EU:C:2012:158, mír 19).

79 Tá feidhm ag an bprionsabal ginearálta sin mar ábhar tosaíochta agus an gnáthluach á chinneadh. Mar a mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta i mír 148 den bhreithiúnas faoi achomharc, chinn an Chúirt Bhreithiúnais roimhe seo gur léir ó fhoclaíocht agus ó scéim na chéad fhomhíre d'Airteagal 2(1) den bhunrialachán gurb é an praghas a íocadh i ndáiríre nó atá le híoc i ndáiríre i ngnáthchúrsa trádála nach mór, mar ábhar tosaíochta, a chur san áireamh i bprionsabal chun an gnáthluach a shuíomh (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Deireadh Fómhair 2014, *an Chomhairle* v *Alúmana*, C-393/13 P, EU:C:2014:2245, mír 20 agus an cásdlí dá dtagraítear). Toisc go sonraítear sa dara fomhír d'Airteagal 2(1) den bhunrialachán go bhfuil feidhm ag an bprionsabal ginearálta sin nuair nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos sa chéad fhomhír den fhoráil sin, ní mór léiriú a dhéanamh air freisin go bhfuil feidhm aige mar ábhar tosaíochta i ndáil leis na modhanna chun an gnáthluach a chinneadh.

80 Faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 2(3) den bhunrialachán, ní féidir maolú ar chur i bhfeidhm an phrionsabail ghinearálta atá leagtha amach in Airteagal 2(1) den Rialachán sin ach amháin nuair nach bhfuil díolachán ar bith ar an táirge comhchosúil nó nach ndíoltar go leor é. i ngnáthchúrsa trádála nó i gcás, mar gheall ar staid áirithe an mhargaidh, nach gceadaíonn na díolacháin sin comparáid cheart a dhéanamh, tríd an ngnáthluach a ríomh ar bhonn chostas an táirgthe sa tír thionscnaimh móide méid réasúnach costas agus le haghaidh brabúis nó ar bhonn praghsanna ionadaíocha onnmhairiúcháin (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Deireadh Fómhair 2014, *an Chomhairle* v *Alumina*, C-393/13 P, EU:C:2014:2245, mír 20 agus an cásdlí dá dtagraítear).

81 Leis an gcéad fhomhír agus an dara fomhír d'Airteagal 2(1) den bhunrialachán, mar aon leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 2(3) de, bunaítear mar sin ordlathas idir na modhanna chun an gnáthluach a leagtar amach sna forálacha sin a chinneadh. Dá bhrí sin, contrártha le dearbhuithe an Choimisiúin, níl aon fhorluí idir na cásanna a chumhdaítear le gach ceann de na modhanna sin.

82 Níl an léiriú sin ina shárú an oibleagáid Airteagal 2(1) agus (3) den bhunrialachán a léiriú i gcomhréir le hAirteagal 2.2 den chomhaontú frithdhumpála. Is fíor go n-éilítear le tosaíocht na gcomhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas Eorpach ar reachtaíocht thánaisteach AE go ndéanfaí an reachtaíocht sin a léiriú, a mhéid is féidir, ar bhealach atá comhsheasmhach leis na comhaontuithe sin (breithiúnas an 20 Eanáir 2022, *an Coimisiún* v *Hubei Xinyegang Special Tube*, C-891/19 P, EU:C:2022:38, mír 31 agus an cásdlí dá dtagraítear). Mar sin féin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara freisin i bpointe 108 dá Thuairim, níl foráil atá sa chomhaontú frithdhumpála cosúil le hAirteagal 2(1) den bhunrialachán, nach bhfuil aon bhaint aici leis na himthosca, arna gcumhdach ag Airteagal 2.2 den chomhaontú frithdhumpála, d'easpa díolacháin.

83 Ina theannta sin, contrártha le dearbhuithe an Choimisiúin, ní dhéantar sárú leis an léiriú dá dtagraítear i míreanna 78 go 81 den bhreithiúnas seo ar chearta nós imeachta na n-onnmhaireoirí. Go deimhin, má shuitear an gnáthluach ar bhonn praghsanna onnmhaireoirí nó táirgeoirí eile faoin dara fomhír d'Airteagal 2(1) den bhunrialachán, féadfar na cearta sin a ráthú le hachoimrí neamhrúnda ar shonraí na n-onnmhaireoirí nó na dtáirgeoirí sin.

84 Ar deireadh, maidir leis an ngearán ETPA atá dírithe i gcoinne mhír 157 den bhreithiúnas faoi achomharc, ba cheart a mheabhrú, mar is léir ó mhíreanna 79 agus 80 den bhreithiúnas seo, nach bhféadtar maolú ar chur i bhfeidhm na modhanna maidir leis an ngnáthluach a chinneadh ar bhonn phraghas díolachán den táirge chomhchosúil ar mhargadh intíre na tíre onnmhairiúcháin ach amháin nuair nach mbíonn díolachán ar bith den táirge comhchosúil nó nach bhfuil dóthain díolachán de i ngnáthchúrsa na trádála, nó i gcás, mar gheall ar staid an mhargaidh i leith, ní cheadaítear le díolacháin dá leithéid comparáid cheart a dhéanamh. Is sna cásanna sin amháin a cheadaítear le hAirteagal 2(3) den bhunrialachán an gnáthluach a ríomh ar bhonn chostas an táirgthe sa tír thionscnaimh nó é a chinneadh ar bhonn praghsanna onnmhairiúcháin. Mar sin ní dhearna an Chúirt Ghinearálta aon earráid nuair a chinn sí, i mír 157 den bhreithiúnas faoi achomharc, nach bhfuil na difríochtaí idir struchtúir chostais Artone agus Hansol agus praghsanna díolacháin i measc na maoluithe ar an modh chun an gnáthluach a shuíomh ar bhonn na bpraghsanna iarbhír ar mhargadh baile na tíre onnmhairiúcháin.

85 Dá réir sin, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí, go bunúsach, i míreanna 152 go 158 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go leanann sé ó Airteagal 2(1) den bhunrialachán, i gcás nach ndíolann an t-onnmhaireoir an táirge comhchosúil, go bhfuil an

gnáthluach le suíomh ar bhonn praghsanna de dhíoltóirí nó de tháirgeoirí eile, agus ní ar bhonn chostais táirgthe na cuideachta lena mbaineann, agus go raibh an t-alt sin sáraithe ag an gCoimisiún agus an gnáthluach do chineálacha Artone den táirge lena mbaineann á ríomh.

86 Ní mór, mar sin, an dara foras achomhairc a dhiúltú mar fhoras gan bhunús.

An tríú foras achomhairc

Argóintí na bpáirtithe

87 Áitíonn an Coimisiún, le tacaíocht ón ETPA, go bhfuil na forais a leagtar amach i míreanna 196 go 205 agus 208 go 213 den bhreithiúnas faoi achomharc curtha ó bhail ag earráid dlí. Chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh ceangal ar an gCoimisiún, i gcomhthéacs ríomh an chorrlach díobhála, an corrlach sladghearrtha a bhain le hathdhíol na n-ollrollaí ag cuideachtaí gaolmhara a ríomh ar bhonn na bpraghsanna díolacháin arna gcomhaontú idir Schades agus a chustaiméirí neamhspleácha agus ní, mar a rinne sé, trí Airteagal 2(9) den bhunrialachán a chur i bhfeidhm, *mutatis mutandis*, trí na praghsanna díolacháin iarbhír a laghdú go luach teorann AE costas, árachas agus last-táille. Mar sin féin, ós rud é nach bhfuil aon sainmhíniú ar an gcorrlach sladghearrtha, ná aon mhodh ann chun é a ríomh, áitíonn an Coimisiún go raibh an ríomh sin faoina lánrogha féin. Ina theannta sin, bhí bonn cirt lena ríomh i bhfianaise Airteagal 3(3) den bhunrialachán, lena bhforáiltear nach mór an cheist cibé an raibh nó nach sladghearradh suntasach praghais ann a scrúdú ar leibhéal 'na n-allmhairí dumpáilte' agus ní ar an leibhéal dá bpraghas athdhíola ina dhiaidh sin ar mhargadh an Aontais. Is éard a bhí i measúnú na Cúirte Ginearálta go héagórach ná measúnú faoi dhlí na hiomaíochta in ionad dlí an bheartais trádála agus inar ríomhadh, go héagórach, ar bhealach idirdhealaitheach, praghas onnmhairiúcháin ar leithligh chun méid na dumpála a ríomh ón bpraghas onnmhairiúcháin a cuireadh san áireamh chun críche díobháil a shuíomh.

88 Áitíonn Hansol nach ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid nuair a chinn sé gur bhain an Coimisiún úsáid as modh mícheart chun an corrlach sladghearrtha sa rialachán i gceist a ríomh.

89 Ar an gcéad dul síos, áitíonn Hansol gur léir go sáraítear Airteagal 3(1) den bhunrialachán le cur i bhfeidhm *mutatis mutandis* d'Airteagal 2(9) den rialachán sin, toisc go bhfuil críocha éagsúla ag na forálacha sin.

90 Ar an dara dul síos, áitíonn Hansol go leanann sé ó chleachtas EDT agus an Choimisiúin go gceanglaítear leis an scrúdú a dhéantar ar an tsaincheist maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil sladghearradh suntasach déanta, go ndéanfaí praghsanna a chur i gcomparáid ní ar leibhéal na 'n-allmhairí dumpáilte' ach ar an leibhéal céanna trádála, a shainmhínítear ag brath ar an gcineál custaiméirí. Dá gcuirfí Airteagal 2(9) den bhunrialachán i bhfeidhm chun an corrlach sladghearrtha a ríomh, bheadh sé comhionann, sa chás seo, le comparáid a dhéanamh idir praghsanna nach bhfuil inchomparáide, toisc nach n-áirítear iontu na comhpháirteanna praghsála céanna. Dá gcuirfí an fhoráil sin den bhunrialachán i bhfeidhm, dhéanfaí coigeartuithe ar leibhéal réamhtheachtach níos faide sa slabhra dáileacháin ná mar a dhéanfaí i ndíolacháin an Aontais.

91 Ar an tríú dul síos, áitíonn Hansol nach bhfuil na modhanna chun dumpáil a ríomh inchomparáide leo siúd chun díobháil a ríomh, rud atá aitheanta ag an gCoimisiún ina chleachtas roimhe seo. Thairis sin, tá an cleachtas sin agus breithiúnais an 30 Samhain 2011, *Transnational Company 'Kazchrome' and ENRC Marketing* v *an Chomhairle agus an Coimisiún* (T-107/08,

EU:T:2011:704, mír 63), agus an 10 Aibreán 2019, *Jindal Saw agus Jindal Saw Italia* v *Coimisiún* (T-301/16, EU:T:2019:234, mír 187), contrártha leis an argóint go bhfuil sé ar leibhéal na teorann AE gur cheart na héifeachtaí praghais de bharr na n-allmhairí dumpáilte a mheas. De réir Hansol, ní mór na praghsanna a chur i gcomparáid ní ar leibhéal na teorann AE, ach ar leibhéal an díola leis an gcéad chustaiméir neamhspleách, toisc gurb é seo an leibhéal ag a dtarlaíonn iomaíocht san Aontas Eorpach.

92 Ar an gceathrú dul síos, dearbhaíonn Hansol gur dhá staid dhifriúla iad díolacháin a dhéantar san Aontas Eorpach trí eintitis ghaolmhara agus díolacháin a dhéantar go díreach le custaiméirí neamhspleácha, ar chaith an Coimisiún leo ar an mbealach céanna, agus mar sin de gur sárú ar phrionsabal na córa comhionainne é.

93 Áitíonn Hansol go bhfuil gearáin an Choimisiúin a dhírítear i gcoinne mhír 204 den bhreithiúnas atá faoi achomharc neamh-inghlactha, toisc go mbaineann siad le hábhair fhíorasacha.

Cinneadh na Cúirte

94 De réir Airteagal 1(1) den bhunrialachán, ionas go bhféadfar dleacht frithdhumpála a fhorchur ar tháirge dumpáilte, is gá go ndéanfaí díobháil mar thoradh ar a scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas.

95 D'fhonn an díobháil sin a chinneadh, foráiltear le hAirteagal 3(2) den Rialachán sin gur gá scrúdú oibiachtúil a dhéanamh ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte agus ar a n-éifeacht ar phraghsanna táirgí comhchosúla i margadh an Aontais, chomh maith lena dtionchar ar thionscal an Aontais. Maidir le héifeacht na n-allmhairí ar phraghsanna, sonraítear in Airteagal 3(3) den Rialachán sin go dtabharfar aird ar an ndearnadh nó nach ndearnadh sladghearradh praghais suntasach leis na hallmhairí sin i gcomparáid le praghas táirge chomhchosúil de chuid thionscal an Aontais.

96 Ba cheart a thabhairt faoi deara, i míreanna 196 go 205 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur chinn an Chúirt Ghinearálta go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach mheasúnaithe tríd an díobháil a chinneadh i gcás an táirge lena mbaineann a athdhíol le tiontaire gaolmhar, ní ar bhonn phraghas an táirge lena mbaineann nuair a athdhíol Schades é lena chéad chustaiméirí neamhspleácha ar mhargadh an Aontais, ach ar bhonn luach teorann AE ríofa de chostas, árachas agus last-táille, mar a rinneadh chun an díobháil a rinneadh de bharr an athdhíol ag Schades den táirge lena mbaineann arna thiontú ina rollaí beaga ar an margadh céanna.

97 Bhain an Chúirt Ghinearálta, i mír 199 den bhreithiúnas faoi achomharc, an tuiscint as breithiúnas an 30 Samhain 2011, *Transnational Company 'Kazchrome' and ENRC Marketing* v *an Chomhairle agus an Coimisiún* (T-107/08, EU:T:2011:704), i gcomhthéacs díobháil a chinneadh agus an pointe tagartha a bheidh le húsáid chun praghsanna earraí Hansol a ríomh a bhí le cur i gcomparáid le praghsanna thionscal an Aontais, gurb iad na praghsanna arna gcaibidliú idir gnóthas agus a chustaiméirí agus ní na praghsanna ag céim idirmheánach a d'fhéadfadh cinneadh na gcustaiméirí sin a shocrú maidir le táirge an ghnóthais sin a cheannach in ionad táirge thionscal an Aontais. I gcás athdhíola, chinn an Chúirt Ghinearálta gurb é an táirge lena mbaineann é féin a bhí in iomaíocht le táirge comhchosúil thionscal an Aontais agus a bhí ina chúis le díobháil don tionscal sin. Bhain an Chúirt Ghinearálta de thátal as seo, i mír 201 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach raibh an 'pointe tagartha' ar leibhéal na teorann AE, ach ar leibhéal chustaiméirí neamhspleácha an tiontaire gaolmhar sin, maidir le hathdhíol an táirge lena mbaineann ag Schades. Chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 203 den bhreithiúnas atá faoi

achomharc, go raibh earráid déanta ag an gCoimisiún nuair a chuir sé, i gcomhthéacs an díobháil a chinneadh maidir leis na hathdhíolacháin sin le custaiméirí neamhspleácha, praghas onnmhairiúcháin san áireamh ónar asbhaineadh costais SG&A agus corrlach brabúis.

98 D'fhonn a mheasúnú an ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid sa dlí sna cinntí sin, is gá a thabhairt chun cuimhne, mar is léir ó mhír 58 den bhreithiúnas seo, i réimse na mbeart um thrádáil a chosaint, go bhfuil lánrogha leathan ag institiúidí an Aontais Eorpaigh, agus mar thoradh air sin ní mór athbhreithniú breithiúnach ar an rogha sin a theorannú d'fhíorú ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh rialacha nós imeachta ábhartha, ar sonraíodh nó nár sonraíodh go cruinn na fíorais a rabhthas ag brath orthu, agus ar tharla nó nár tharla earráid fhollasach agus na fíorais sin á meas nó ar baineadh nó nár baineadh mí-úsáid as cumhachtaí.

99 Ós rud é gur ceist chasta eacnamaíoch í an measúnú i dtaobh cibé an ndearnadh nó nach ndearnadh sladghearradh praghsanna agus nach leagtar síos sa bhunrialachán aon mhodheolaíocht ar leith ina leith, tá rogha leathan ag an gCoimisiún ina leith sin. Dá réir sin, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 58 den bhreithiúnas seo, féadfar breithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm, *mutatis mutandis*, den mhodh um ríomh praghas dá dtagraítear in Airteagal 2(9) den bhunrialachán chun sladghearradh praghais a mheas, ar choinníoll go bhfuil an modh sin comhsheasmhach leis an gcreat dlíthiúil atá leagtha síos sa bhunrialachán agus nach bhfuil toradh soiléir mícheart mar thoradh air.

100 Chuige sin, is gá dhá cheanglas ar leith a fhorchuirtear leis an mbunrialachán a chur san áireamh agus sladghearradh praghais á ríomh.

101 Ar an gcéad dul síos, ceanglaítear le hAirteagal 3(2) den bhunrialachán go ndéanfaí an ríomh sin trí scrúdú oibiachtúil a dhéanamh ar éifeacht na n-allmhairí ar phraghsanna. Ceanglaítear leis an gceanglas sin féin go ndéanfaí comparáid idir na praghsanna ar an leibhéal céanna trádála de na hearraí atá i gceist. Is ar an gcoinníoll sin amháin go (i) bhféadtar éifeacht iarbhír na n-allmhairí ar phraghsanna táirge comhchosúil de chuid thionscal an Aontais a chur san áireamh i gceart, (ii) bhféadtar a mheas go bhfuil an 'pointe tagartha' céanna ag díolachán an táirge i gceist agus díolacháin de tháirge comhchosúil de thionscal an Aontais, (iii) bhféadtar praghsanna díolacháin leis na chéad chustaiméirí neamhspleácha de na táirgí lena mbaineann a chur san áireamh go hoibiachtúil chun críche sladghearradh a ríomh, agus (iv) bhféadtar an chomparáid idir na praghsanna ar an leibhéal ina dtarlaíonn iomaíocht san Aontas Eorpach a bheith ábhartha.

102 Ar an dara dul síos, leanann sé ó léamh comhcheangailte ar Airteagal 1(1) agus ar Airteagal 3(2) den bhunrialachán nach mór an díobháil a mheas tráth a ndéantar an táirge dumpáilte a 'scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas'. Dá bhrí sin, ní mór ríomh sladghearrtha a dhéanamh, i bprionsabal, ar leibhéal na n-allmhairí dumpáilte.

103 Sa chás seo, is léir ó na ráitis a rinne an Chúirt Ghinearálta gur mheas an Coimisiún cibé an raibh sladghearradh praghais i gceist nó nach raibh maidir leis an táirge lena mbaineann trí chomparáid a dhéanamh idir an praghas díreach ón monarcha a ghearrann táirgeoirí Eorpacha a mhargaíonn táirgí atá coibhéiseach leis an táirge lena mbaineann le luach teorann AE chostas, árachas agus last-táille an táirge lena mbaineann. Freagraíonn luach teorann AE chostas, árachas agus last-táille an táirge sin don phraghas ar scaoileadh i saorchúrsaíocht é san Aontas air, is é sin le rá, an praghas allmhairiúcháin díreach tar éis imréiteach an táirge sin ag teorainn an Aontais. Mar sin rinne an Coimisiún comparáid idir na praghsanna a ghearr an táirgeoir Eorpach agus an t-allmhaireoir, ar leibhéal tosaigh trádála an táirge lena mbaineann.

104 Mar a thíolacann an Coimisiún i gceart, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí go ndearnadh an réasúnaíocht sin a chur ó bhail trí earráid fhollasach mheasúnaithe. Go deimhin, bhí sé mar aidhm ag an réasúnaíocht sin, i gcomhréir le ceanglais Airteagal 3(2) den bhunrialachán, a áirithiú go ndéanfaí na praghsanna a chur i gcomparáid go hoibiachtúil ar an leibhéal céanna trádála agus go raibh sé ag comhfhreagairt, maidir leis an táirge dumpáilte, le leibhéal na n-allmhairí.

105 Go háirithe, bhí sé de rogha ag an gCoimisiún, d'fhonn a áirithiú go ndéanfaí comparáid oibiachtúil idir na praghsanna ar leibhéal an chéad scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas ar an táirge lena mbaineann, an luach teorann AE chostas, árachas agus last-táille sin a ríomh trí chostais SG&A agus corrlach brabúis a asbhaint ó phraghas athdhíola an táirge lena mbaineann ag Schades le custaiméirí neamhspleácha. Bhí cur i bhfeidhm Airteagal 2(9) den bhunrialachán, *mutatis mutandis*, laistigh den rogha leathan atá ag an gCoimisiún agus Airteagal 3(2) den Rialachán sin á chur chun feidhme aige agus ní fhéadfaí a mheas, ann féin, mar chur i bhfeidhm atá curtha ó bhail le hearráid mheasúnaithe fhollasach.

106 Ina theannta sin, contrártha leis an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, i mír 201 den bhreithiúnas faoi achomharc, nach bhfuil cur san áireamh de phraghas an chéad athdhíola le custaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais ag tiontaire gaolmhar ag comhfhreagairt do leibhéal trádála díreach ón monarcha den táirge comhchosúil de chuid thionscal an Aontais, ach do leibhéal trádála níos déanaí den táirge sin. Ní ionann praghas an díola a rinne an tiontaire gaolmhar sin leis an gcéad chustaiméir neamhspleách agus an praghas allmhairithe ach is ionann é agus praghas athdhíola.

107 Dá bhrí sin, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí, i mír 203 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur chinn an Coimisiún go héagórach costais SG&A agus corrlach brabúis a asbhaint le haghaidh athdhíolacháin an táirge lena mbaineann ag Schades le custaiméirí neamhspleácha chun críche praghsanna onnmhairiúcháin an táirge sin a shuíomh i gcomhthéacs an díobháil a chinneadh.

108 Dá bhrí sin tá cinneadh na Cúirte Ginearálta, i mír 204 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, maidir le héifeacht earráid líomhnaithe an Choimisiúin ar bhailíocht leibhéal na sladghearrtha praghais arna chur i bhfeidhm sa rialachán atá i gceist mícheart freisin, agus ní gá rialú a thabhairt maidir leis an gceist cibé an cinneadh fíorais é nó nach é an cinneadh sin nach bhféadfadh an Coimisiún a chur chun cinn ina achomharc.

109 Mar sin, sheas an Chúirt Ghinearálta go héagórach, i mír 205 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, leis an dara cuid den chúigiú saincheist dlí ag an gcéad chéim.

110 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, i míreanna 208 go 212 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur chinn an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, go raibh ríomh an chorrlaigh sladghearrtha praghais de 9.4% a chuir an Coimisiún i bhfeidhm sa rialachán i gceist bunaithe freisin ar an earráid maidir le hualú na ndíolachán a rinneadh agus an dumpáil á ríomh. A mhéid nach bhféadfaí a eisiamh go bhféadfadh na hearráidí sin difear a dhéanamh do chinneadh an Choimisiúin maidir leis an anailís ar shladghearradh praghais agus leis an measúnú ar an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais, sheas an Chúirt Ghinearálta freisin leis an tríú cuid den chúigiú saincheist ag an gcéad chéim.

111 Mar is léir ó mhíreanna 47 go 65 den bhreithiúnas seo, tháinig an Chúirt Ghinearálta ar an gconclúid, i gceart, go raibh earráid déanta ag an gCoimisiún trína ndearnadh difear d'iontaofacht ualú na ndíolachán chun críoch an dumpáil a ríomh. Ina theannta sin, ní chuirtear i gcoinne gur úsáideadh an t-ualú céanna chun sladghearradh praghais a ríomh. Mar sin de bharr earráide trína ndearnadh difear do ríomh ualú na ndíolachán, déantar iontaofacht thorthaí an Choimisiúin a chur in amhras maidir leis an gcorrlach sladghearrtha praghais arna chur i bhfeidhm sa Rialachán atá i gceist.

112 Dá réir sin, d'ainneoin, mar is léir ó mhíreanna 98 go 107 den bhreithiúnas seo, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí maidir le pionós a ghearradh ar an modh ríofa a d'úsáid an Coimisiún chun a chinneadh an díobháil a rinneadh de bharr athdhíol an táirge lena mbaineann ag tiontaire gaolmhar, bhí an ceart ag an gCúirt Ghinearálta chun a chinneadh nach bhféadfaí a chur as an áireamh go raibh tionchar ag an earráid a rinne an Coimisiún agus ualú na ndíolachán á ríomh aige ar an anailís um shladghearradh praghais agus ar an measúnú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar tháirgí comhchosúla de thionscal an Aontais. Dá bhrí sin bhí an Chúirt Ghinearálta i dteideal go hiomlán, i mír 212 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, seasamh leis an tríú cuid den chúigiú saincheist ag an gcéad chéim. Ní mór, mar sin, an tríú foras achomhairc a dhiúltú mar fhoras atá neamhéifeachtach.

113 I bhfianaise an méid sin go léir roimhe seo, bhí an Chúirt Ghinearálta i dteideal teacht ar an gconclúid, i mír 213 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur cheart an rialachán atá i gceist a chur ar neamhní a mhéid a bhaineann sé le Hansol.

114 De bharr na mbreithnithe go léir thuasluaite, ní mór an príomhachomharc a dhíbhe.

An crosachomharc

115 Mar thaca lena chrosachomharc, cuireann ETPA dhá fhoras chun cinn lena líomhnaítear, faoi seach, go ndearna an Chúirt Ghinearálta sárú ar Airteagal 2(11) den bhunrialachán agus ar Airteagal 18 den Rialachán sin ina measúnú ar an ualú idir díolacháin an táirge lena mbaineann le custaiméirí neamhspleácha, ar thaobh amháin, agus díolacháin an táirge sin le tiontairí gaolmhara d'fhonn é a thiontú ina rollaí beaga, ar an taobh eile.

An chéad fhoras

Argóintí na bpáirtithe

116 Áitíonn ETPA go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí, i míreanna 84 go 87, 92, agus 100 go 106 den bhreithiúnas faoi achomharc, go raibh Airteagal 2(11) den bhunrialachán sáraithe ag an gCoimisiún tríd an gcorrlach dumpála a ríomh ar bhonn ualaithe gan a chur san áireamh an fíoras go raibh cion na ndíolachán le tiontairí gaolmhara a bhí beartaithe lena n-athdhíol agus ní lena dtiontú níos mó ná an méid a chuir an Coimisiún san áireamh.

117 Go príomha, áitíonn ETPA gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 2(11) den bhunrialachán, toisc nach bhfuil aon cheanglais ná treoir san fhoráil sin maidir leis an modh beacht chun an t-ualú a ríomh. Sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, ní dhéantar tagairt ach do shárú na forála sin gan mionsaothrú a dhéanamh ar na codanna nó na ceanglais shonracha a líomhnaítear a bheith sáraithe ag an gCoimisiún.

118 Mar mhalairt air sin, áitíonn ETPA go bhfuil measúnú na Cúirte Ginearálta curtha ó bhail de bharr earráid dlí, toisc nach gceanglaítear le hAirteagal 2(11) den bhunrialachán go gcuirfí an modh a úsáidtear chun an praghas onnmhairiúcháin a ríomh i bhfeidhm ar ríomh an ualaithe.

119 Áitíonn ETPA nach raibh sonraí Schades ionadaíoch ach amháin chun an praghas onnmhairiúcháin chuig na tiontairí gaolmhara a ríomh; ní raibh siad ionadaíoch chun méideanna díolacháin na dtiontairí neamh-chomhoibritheacha gaolmhara a ríomh, rud nach bhféadfaí a fhíorú. Ní cheanglaítear leis an mbunrialachán ar an gCoimisiún na méideanna sin a ríomh chun críche ualaithe. Ní raibh an Chúirt Ghinearálta i dteideal a chinneadh go léireofaí go cruinn leis na méideanna sin méideanna díolacháin na dtiontairí gaolmhara.

120 Níl aon bhunús fíorasach ná dlíthiúil ag cinntí na Cúirte Ginearálta nár léiríodh leis na ríomhanna a rinne an Coimisiún fairsinge iomlán na dumpála arna déanamh agus go dtabharfadh léiriú níos iomláine ar mhéid na dumpála le leithdháileadh an chéatadáin a bhí mar an céanna le céatadán Schades ar dhíolacháin ollrollaí neamh-thiontaithe maidir le díolacháin na dtrí thiontaire ghaolmhara eile.

121 Maidir leis an easpa bonn fíorasach, áitíonn ETPA, ós rud é nach raibh aon fhaisnéis ar fáil maidir le dhá thiontaire neamh-chomhoibríoch gaolmhar agus nár fíoraíodh an fhaisnéis maidir leis an tríú tiontaire gaolmhar, nach bhféadfadh fios a bheith ag an gCúirt Ghinearálta cad a léireodh go cruinn méideanna díolacháin na dtiontairí sin. Ina theannta sin, dá mba rud é gur úsáideadh díolachán na n-ollrollaí Schades le custaiméirí neamhspleácha, arbh ionann é agus an méid is mó, do na tiontairí gaolmhara, laghdódh sé seo an corrlach dumpála tríd an gcion de dhíolacháin na n-ollrollaí arna ndéanamh le custaiméirí neamhspleácha a mhéadú go saorga.

122 Maidir leis an easpa de bhunús dlí, áitíonn ETPA nach moltar i gcásdlí ná i bhfoclaíocht Airteagal 2(11) den bhunrialachán, i gcás nach bhfuil aon fhaisnéis fhíoraithe ar fáil, go gciallódh corrlach dumpála bunaithe ar neas-ualú nach léireofaí leis an gcorrlach dumpála sin méid iomlán na dumpála.

123 Áitíonn Hansol nach mór an chéad fhoras den chrosachomharc a dhiúltú mar fhoras atá gan bhunús go follasach.

Cinneadh na Cúirte

124 Mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta i gceart, i míreanna 74 agus 75 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go leagtar síos in Airteagal 2(11) den bhunrialachán dhá mhodh chun a shuíomh go raibh corrlaigh dhumpála ann le linn na tréimhse imscrúdaithe, eadhon (i) an modh 'siméadrach', bunaithe ar chomparáid idir an meán-ghnáthluach ualaithe agus meán ualaithe phraghsanna na n-idirbheart onnmhairiúcháin go léir chuig an Aontas nó ar chomparáid ar bhonn idirbhirt le hidirbheart idir gnáthluachanna aonair agus praghsanna onnmhairiúcháin aonair chuig an Aontas, agus (ii) an modh 'neamhshiméadrach', bunaithe ar chomparáid idir an meán-ghnáthluach ualaithe agus praghsanna gach idirbheart onnmhairiúcháin aonair chuig an Aontas.

125 Cé nach leagtar síos leis an bhforáil sin modh chun an t-ualú idir díolacháin dhíreacha agus indíreacha an táirge lena mbaineann le custaiméirí neamhspleácha a ríomh, ar thaobh amháin, agus díolacháin dhíreacha agus indíreacha le tiontairí gaolmhara d'fhonn an táirge sin a thiontú ina rollaí beaga, ar an taobh eile de, go leanann sé ó chuspóir beartaithe na forála sin, cibé modh a roghnófar agus cibé chaoi a gcuireann an Coimisiún an modh sin i bhfeidhm go praiticiúil, nach

mór di a bheith ann chun an méid iomlán dumpála atá á chleachtadh a léiriú (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Aibreán 2017, *Changshu City Standard Parts Factory and Ningbo Jinding Fastener* v *an Chomhairle*, C-376/15 P agus C-377/15 P, EU:C:2017:269, mír 54).

126 Mar is léir ó mhíreanna 57 go 65 den bhreithiúnas seo, chinn an Chúirt Ghinearálta i gceart, i míreanna 84 go 87 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nuair a chuir an Coimisiún an modh siméadrach a roghnaigh sé sa chás seo chun feidhme, nár éirigh leis méid iomlán na dumpála atá á chleachtadh a léiriú go hiontaofa.

127 Mar sin, contrártha le dearbhuithe ETPA, shonraigh an Chúirt Ghinearálta go sainráite an ceanglas d'Airteagal 2(11) den bhunrialachán a sháraigh an Coimisiún sa rialachán atá i gceist, eadhon an ceanglas sin a fhreagraíonn do chuspóir beartaithe na forála sin, is é sin, a chinntiú go léirítear leis an modh a úsáidtear an leibhéal iomlán dumpála atá á chleachtadh.

128 Dá réir sin, ní mór an príomhghearán a cuireadh chun cinn maidir leis an gcéad fhoras den chrosachomharc a dhiúltú mar ghearán gan bhunús.

129 Maidir leis an ngearán malartach a cuireadh chun, nach gceanglaítear, dá réir, le hAirteagal 2(11) den bhunrialachán ar an gCoimisiún, agus an t-ualú á ríomh, an modh a úsáideadh chun an praghas onnmhairiúcháin a ríomh, ní mór a shuíomh go bhfuil an gearán sin bunaithe ar léamh mícheart ar an mbreithiúnas atá faoi achomharc.

130 Ní léir ar dhóigh ar bith ó mhíreanna 83 go 87 den bhreithiúnas atá faoi achomharc gur chinn an Chúirt Ghinearálta go mba cheart don Choimisiún brath ar Airteagal 2(9) den bhunrialachán chun ualú na gcorrlach dumpála a ríomh. Chinn an Chúirt Ghinearálta nár léiríodh le hualú na gcorrlach dumpála idir díolacháin an táirge lena mbaineann le custaiméirí neamhspleácha agus na díolacháin le tiontairí gaolmhara a chuir an Coimisiún i bhfeidhm méid iomlán na dumpála a rinne Hansol mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(11) den bhunrialachán.

131 Ina dhiaidh sin, cuireann ETPA i gcoinne cinntí na Cúirte Ginearálta i míreanna 85 agus 86 den bhreithiúnas atá faoi achomharc gur chinn an Coimisiún sonraí Schades a úsáid chun an corrlach dumpála ar na díolacháin a rinne Hansol leis na trí thiontaire ghaolmhara eile a ríomh, gan na sonraí a bhain le Schades Nordic a chur san áireamh. Ní mór a chur in iúl go bhfuil an argóint sin dírithe ar mheasúnú fíorasach.

132 Is léir ó Airteagal 256 CFAE agus ón gcéad mhír d'Airteagal 58 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhfuil dlínse eisiach ag an gCúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, chun na fíorais a shuíomh, ach amháin i gcás inar léir ó na doiciméid a cuireadh faoina bráid go bhfuil míchruinneas substainteach ina cinntí, agus, ar an dara dul síos, na fíorais sin a mheasúnú. Dá bhrí sin, ar choinníoll go bhfuarthas i gceart an fhianaise a ghlac an Chúirt Ghinearálta mar thaca leis na fíorais sin, agus gur cloíodh le prionsabail ghinearálta an dlí agus leis na rialacha nós imeachta maidir leis an dualgas cruthúnais agus le fianaise a ghlacadh, is faoin gCúirt Ghinearálta amháin atá sé measúnú a dhéanamh ar an luach ar cheart a bheith ag gabháil leis an bhfianaise a tugadh os a comhair. Ach amháin i gcás inar saobhadh tuiscint shoiléir na fianaise, ní hionann an breithmheas sin mar sin agus ponc dlí atá faoi réir athbhreithnithe mar sin ag an gCúirt Bhreithiúnais (breithiúnas an 2 Meitheamh 2016, *Photo USA Electronic Graphic* v *an Chomhairle*, C-31/15 P, nár foilsíodh EU:C:2016:390, míreanna 50 agus 51 agus an cásdlí dá dtagraítear).

133 Ós rud é go bhfuil ETPA ag cur i gcoinne measúnú fíorasach gan a bheith ag brath ar shaobhadh na bhfíoras, níl dlínse ag an gCúirt rialú a dhéanamh ar an tsaincheist sin.

134 Ina theannta sin, maidir le hargóint ETPA a rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dá réir ina leith nuair a chinn sí, i míreanna 86 agus 87 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur léiríodh ar bhealach níos cruinne an dumpáil arna déanamh ag Hansol leis an úsáid de mhéideanna díolacháin Schades maidir le díolacháin na dtrí thiontaire ghaolmhara eile, eascraíonn sé ó léamh mícheart ar an mbreithiúnas atá faoi achomharc. Sna míreanna sin, shonraigh an Chúirt Ghinearálta amháin, toisc gur theip ar an gCoimisiún a chur san áireamh gur léir ón bhfaisnéis a cuireadh ar fáil dó go raibh ní amháin Schades ach freisin ceann amháin de na trí thiontaire gaolmhara eile, eadhon Schades Nordic, ag athdhíol an táirge lena mbaineann le custaiméirí neamhspleácha, gur leithdháil an Coimisiún ró-ualú ar dhíolacháin a rinneadh le tiontairí gaolmhara chun iad a thiontú ina rollaí beaga, rud a mhéadaigh an dumpáil iarbhír arna déanamh ag Hansol.

135 Ar deireadh, áitíonn an ETPA nach gcuirtear cosc le cásdlí ná le foclaíocht Airteagal 2(11) den bhunrialachán ar chinneadh go gcuirfí bac le corrlach dumpála atá bunaithe ar neas-ualú, i gcás nach bhfuil aon fhaisnéis fhíoraithe, ar an gcorrlach dumpála sin fairsing iomlán na dumpála a léiriú. Mar sin féin, is leor a thabhairt chun cuimhne, mar is léir ó mhír 47 go mír 65 agus ó mhír 124 agus mír 125 den bhreithiúnas seo, gur ceanglaíodh ar an gCoimisiún sonraí Schades Nordic a fhíorú agus a áirithiú go léireofaí lena ríomhanna an méid iomlán dumpála a bhí á déanamh.

136 I bhfianaise na mbreithnithe sin thuasluaite, ní mór an gearán eile a chuirtear chun cinn maidir le céad fhoras an chrosachomhairc a dhiúltú freisin mar ghearán atá gan bhunús agus, mar sin de, ní mór an chéad fhoras den chrosachomharc a dhiúltú ina iomláine.

An dara foras

Argóintí na bpáirtithe

137 Áitíonn ETPA go bhfuil mír 86 agus mír 87 den bhreithiúnas atá faoi achomharc curtha ó bhail le hearráid dlí. Faoi Airteagal 18 den bhunrialachán, ceadaíodh don Choimisiún ualú na mbealaí díolacháin éagsúla a ríomh ar bhonn na bhfíoras is fearr a bhí ar fáil. De réir ETPA, bhí Hansol ar an eolas faoi sin toisc gur chuir an Coimisiún iarmhairtí an neamh-chomhoibrithe in iúl dó, le linn an imscrúdaithe. Toisc gur iarr Hansol nach ndéanfaí trí tiontaire ghaolmhara an ceistneoir frithdhumpála a chomhlánú, ba cheart go mbeadh a fhios aige go gcinnfí méid na ndíolachán ar bhonn na bhfíoras is fearr a bhí ar fáil.

138 Ós rud é go raibh rogha leathan ag an gCoimisiún a chinneadh cad é na fíorais is fearr a bhí ar fáil i ngach cás ar leith agus, sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, agus nár chinn an Chúirt Ghinearálta go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach ina mheasúnú ar na fíorais ach gur chinn sí go léireofaí ar bhealach níos cruinne corrlach dumpála Hansol le húsáid sonraí díolacháin Schades, sháraigh an Chúirt Ghinearálta teorainneacha a hathbhreithniú agus chuir sí a dearcadh féin in ionad dhearcadh an Choimisiúin go neamhdhleathach.

139 Áitíonn Hansol go bhfuil an dara foras den chros-achomharc gan bhunús.

Cinneadh na Cúirte

140 Faoi Airteagal 18(1) den bhunrialachán, féadfaidh an Coimisiún cinntí a dhéanamh ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil i gcásanna ina ndiúltaíonn páirtí leasmhar ar bith comhoibriú nó ina dtugann sé faisnéis bhréagach nó mhíthreorach.

141 Sa chás seo, tá comhthuiscint ann, le linn an imscrúdaithe frithdhumpála, gur iarr Hansol go ndéanfaí na tiontairí gaolmhara seachas Schades a dhíolmhú ó fhreagra a thabhairt ar na ceistneoirí frithdhumpála. Ní chuirtear i gcoinne ach oiread gur ghlac an Coimisiún leis an iarratas sin, agus mar thoradh air sin chuir sé teorainn lena n-iarrataí ar fhaisnéis maidir leis na tiontairí gaolmhara agus nár tugadh ach faisnéis a bhain le Schades.

142 Ní féidir féachaint ar iarraidh den sórt sin mar dhiúltú comhoibriú chun críocha Airteagal 18(1) den bhunrialachán. Dá réir sin, contrártha le dearbhuithe ETPA, ní raibh feidhm ag an bhforáil sin sa chás seo.

143 Leis an bhfíoras nár fhreagair ach Schades an ceistneoir frithdhumpála agus go raibh na tiontairí gaolmhara eile díolmhaithe ó fhreagra a thabhairt maidir léi, ní dhéantar difear d'oibleagáid an Choimisiúin na sonraí ábhartha a chur san áireamh a bhféadfadh sé a bheith ar an eolas fúthu le linn an nós imeachta riaracháin, measúnú a dhéanamh ar an leibhéal iomlán dumpála atá á chleachtadh. Go deimhin, mar atá mínithe i míreanna 49 go 51 den bhreithiúnas seo, ceanglaítear ar an gCoimisiún na sonraí sin a chur san áireamh i bhfianaise chuspóir an bhunrialacháin agus a dhualgas cúram a ghlacadh.

144 Dá réir sin, tá ETPA mícheart ina dhearbhú gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta teorainneacha a hathbhreithnithe agus gur chuir sí a dearcadh féin in ionad dhearcadh an Choimisiúin go neamhdhleathach nuair a chinn sí, i míreanna 85 agus 86 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur leithdháil an Coimisiún ró-ualú ar dhíolacháin a rinneadh le tiontairí gaolmhara chun críocha iad a thiontú ina rollaí beaga, rud a mhéadaigh an méid iarbhír dumpála arna déanamh ag Hansol. Fiú dá mbeadh a fhios ag an gCoimisiún go ndearnadh cuid de dhíolacháin an táirge lena mbaineann le Schades a athdhíol le custaiméirí neamhspleácha gan iad a bheith tiontaithe, agus fiú dá mbeadh a fhios aige go raibh ar a laghad tiontaire gaolmhar amháin seachas Schades ag athdhíol an táirge lena mbaineann, mar sin féin chinn sé go raibh na díolacháin Hansol uile leis na trí thiontaire ghaolmhara seachas Schades déanta d'fhonn an táirge lena mbaineann a thiontú ina rollaí beaga.

145 Mar sin ní mór an dara foras den chros-achomharc a dhiúltú freisin mar fhoras gan bhunús agus, mar sin, ní mór an crosachomharc a dhíbhe ina iomláine.

Costais

146 I gcomhréir le hAirteagal 184(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, i gcás nach bhfuil bunús leis an achomharc, tá an Chúirt Bhreithiúnais le cinneadh a thabhairt maidir le costais. Foráiltear le hAirteagal 138(1) de na rialacha sin, is infheidhme maidir le himeachtaí achomhairc de bhua Airteagal 184(1) de, go n-ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc má tá iarraidh ina leith sin i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis.

147 Maidir leis an bpríomhachomharc, ós rud é go bhfuil iarraidh déanta ag Hansol ar chostais agus nár éirigh leis an gCoimisiún, ní mór a ordú don Choimisiún na costais a bhaineann leis an achomharc sin a íoc.

148 Ós rud é nár éirigh le ETPA ina chrosachomharc agus gur chuir Hansol iarratas isteach ar chostais, ní mór ordú a thabhairt do ETPA na costais a bhaineann leis an gcrosachomharc a íoc.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Dara Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Diúltaítear don phríomh-achomharc agus don chrosachomharc.**

2. **Ordaítear don Choimisiún Eorpach na costais a bhaineann leis an bpríomh-achomharc a íoc.**

3. **Ordaítear do European Thermal Paper Association (ETPA) na costais a bhaineann leis an gcros-achomharc a íoc.**

Sínithe